Leagann an tAcht um Míchumas 2005 dualgas reachtúil ar sholáthar seirbhíse poiblí tacú le rochtain ar sheirbhísí agus ar áiseanna do dhaoine faoi mhíchumas. Leagann an tAcht amach sprioc do chomhlachtaí san earnáil phoiblí go mbeadh 3% dá gcuid fostaithe faoi mhíchumas agus tá ceanglas ar an Ollscoil tuairisc a chur ar fáil gach bliain faoi líon agus faoi chéatadán na gcomhlachtaí foirne faoi mhíchumas le cinntiú go mbaintear amach an sprioc seo. Tá an fhaisnéis seo mar chuid den tuarascáil a d'ullmhaigh Coiste Monatóireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna chuig an Údarás Náisiúnta Míchumais.

Tugadh isteach Dualgas na hEarnála Poiblí mar chuid den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Leagann sé dualgas soiléir ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí, ina soláthar ar a gcuid seirbhísí agus ina n-idirghníomhaíocht lena bhfoireann agus leo siúd a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh, chun deireadh a chur le leatrom, chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus chun cearta an duine a chosaint.







### 3. GNÉ-ALT: EDI SA CHREAT COMHIONANNAIS AGUS CHEARTA AN DUINE

An tOllamh Siobhán Mullally, Ollamh Bunaithe le Dlí Chearta an Duine, OÉ Gaillimh; Stiúrthóir, Ionad na hÉireann do Chearta an Duine; Coimisinéir, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Le dualgas na hearnála poiblí ó thaobh comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint d'fhéadfaí cleachtais oibre agus cultúr eagraíochtúil na gcomhlachtaí poiblí a athrú. Anois sa chúigiú bliain ina bhfuil sé ag feidhmiú, is príomhfhóráil reachtaíochta é an dualgas comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint, foráil atá deartha chun níos mó a dhéanamh ná cur chuige indibhidiúlach, bunaithe ar ghearáin chun éagothroime a chomhrac agus cearta an duine a chosaint. Is é an bonn reachtúil atá leis ná alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, a chruthaigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, ag nascadh an Choimisiúin um Chearta Daonna agus an Údarás Comhionannais a bhí ann roimhe sin. Léirigh cumasc na gcomhlachtaí comhionannais agus chearta an duine, agus achtú dualgais fhorleathan na hearnála poiblí, athrú mór polasaí, ag aithint nach bhféadfaí comhionannas agus cearta an duine a scaradh óna chéile, agus ag aithint na n-aiseanna trasnaithe idirdhealaithe agus eisiata nach féidir a áireamh i gcónaí i ndlíthe frith-idirdhealaithe.

Thosaigh an t-aistriú i dtreo dhualgas na hearnála poiblí ó glacadh le dualgais chomhionannais i dTuaisceart Éireann ag éirí as Comhaontú Aoine an Chéasta, agus níos déanaí sa chuid eile den Ríocht Aontaithe. Téann dualgas na hearnála poiblí níos faide ná sin in Éirinn, agus oibleagáidí á leagan ní hamháin chun comhionannas a chur chun cinn ach chun cearta daonna na mball, na foirne agus na ndaoine go léir a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint. I gcás ollscoileanna, baineann an dualgas le gach feidhm agus cuspóir de chuid

institiúidí ardoideachais, le ról na hollscoile maidir le hoideachas poiblí, for-rochtain pobail agus taighde a chur ar fáil, agus, ar ndóigh, mar fhostóir.

Príomhghné de dhualgas na hearnála poiblí is ea an tiomantas maidir le caighdeáin chomhionannais agus chearta an duine a chomhtháthú i ngach clár agus polasaí de chuid comhlachtaí poiblí. Seachas fanacht le gearáin aonair maidir le láimhseáil idirdhealaitheach nó sárúithe ar chearta an duine, tá sé mar aidhm ag an dualgas earnála poiblí cultúir agus cleachtais eagraíochtúla a athrú ón mbun aníos. Dá bhrí sin, is é an cuspóir atá leis an ualach maidir le comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint a thógáil ó dhaoine a d'fhéadfadh a bheith i staid neamhbhuan nó leochaileach, agus aitheantas a thabhairt don ghá atá le hathrú struchtúrtha agus córasach réamhghníomhach i gcomhlachtaí poiblí, ag gach leibhéal bainistíochta agus cleachtais.

Go deimhin, seachas díriú ar leigheas éifeachtach ba cheart go ndíreodh comhlachtaí poiblí ar chosc agus ar chearta a bhaint amach ar deireadh. Chun an dualgas a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine a chur i ngníomh, ní mór do chomhlacht poiblí measúnú a dhéanamh ar dtús ar na saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha dá fheidhmeanna agus dá chuspóir sa phlean straitéiseach. Ag leanúint ón measúnú seo, ní mór na polasaithe, na pleananna agus na gníomhaíochtaí atá i bhfeidhm nó atá beartaithe a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine sin a leagan amach, agus tuairisc a thabhairt orthu ar bhealach inrochtana sa tuarascáil bhliantúil.

Chun athrú ó bhonn a bhaint amach i ndáiríre, ba cheart go rachadh dualgas na hearnála poiblí níos faide ná tic a chur i mboscaí. Is éard atá i gceist le ceisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine a chur go bunúsach ná machnamh criticiúil agus tuisceanach ag céimeanna dearaidh agus athbhreithnithe na bpolasaithe nó na gclár, ag

aithint an poitéinseal do dhochar agus eisiamh a d'fhéadfadh tarlú de bharr drochdhearadh nó drochfheidhmiú.

I gcur chuige bunaithe ar ghearáin maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaint amach, titeann an t-ualach chun na heasnamh sin a fhreagairt, a cheartú agus a leigheas ar na daoine is mó a bhfuil tionchar orthu agus atá i mbaol eisiata. Ba cheart freagracht as dualgas na hearnála poiblí chun comhionannas a chinntiú agus cearta an duine a chosaint, a chur ar ais ar an gcomhlacht poiblí féin. Prionsabal lárnach de mheasúnuithe tionchair ar chearta an duine agus ar chomhionannas is ea rannpháirtíocht, mar aon le cuntasacht. Tá cuimsiú agus comhairliúchán i gcéimeanna deartha agus pleanála an-tábhachtach, ní hamháin chun idirdhealú nó sáruithe ar chearta an duine a chosc, ach freisin chun muinín a chothú agus cuimsiú a chinntiú.

Le cur i bhfeidhm dhualgas na hearnála poiblí a stiúradh, tá tacaíocht tugtha ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas do chúig thionscadal phíolótacha, institiúid ardoideachais amháin ina measc, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. De bhrí gur cuireadh tús leis an scéim píolótach anseo, tugadh tús áite don dualgas maidir le comhionannas agus cearta an duine sa phróiseas pleanála straitéisí a bhí ag tosú ag an am sin, agus ina dhiaidh sin i bpleananna gnó agus oibre bliantúla ar fud na hOllscoile.

Leagann na tionscaddail píolótacha béim ar an ngá atá le smaointeoireacht a dhéanamh ar bhealaí nua chun dul i ngleic le pobail agus le grúpaí nach mbeadh rochtain le fáil acu ar an ardoideachas go héasca, agus athmhachnamh mór a dhéanamh ar phróisis chomhairliúcháin. Tá toilteanas a bheith cuntasach, oscailte agus

trédhearcach, riachtanach chun teacht i dtír ar an tuirse a thagann le comhairliúchán, agus chun a chinntiú go mbeidh athrú dearfach i gcleachtas mar thoradh ar chomhairliúchán, agus ar dhualgas an chomhionannais agus chearta an duine, seachas ar pháipéar amháin.





## 4. PRÓIFÍL OÉ GAILLIMH

De réir a chéile, is léiriú é pobal OÉ Gaillimh ar ár sochaí éagsúil. Léiríonn an tuarascáil seo cuid de na príomhstaitisticí maidir le hionadaíocht agus dul chun cinn dár bhfoireann agus dár mic léinn, rud a léiríonn saintréithe náisiúntachta, inscne, aoise agus míchumais.

Is cuid lárnach den tuiscint iad na huimhreacha sa chás go bhfuil seans ann go mbeidh míbhuntáiste agus tearcionadaíocht inár n-ollscoil. In éineacht le faisnéis cháilíochtúil táimid ag cur pictiúr le chéile den éagsúlacht agus den taithí bheo atá ag ár bhfoireann agus ár mic léinn. Trí eolas a bheith againn ar ár n-uimhreacha cuirtear ar ár gcumas bunlíne a leagan síos, gníomhaíochtaí a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh ar shonraí, anailís a dhéanamh agus dul chun cinn a thuairisciú.

Tá an éagsúlacht eitneach is mó sa chatagóir foirne taighde agus

# 50%

de na taighdeoirí go léir ag teacht ó 58 tír ar fud an domhain. Is dea-scéal é seo do OÉ Gaillimh toisc go léiríonn taighde go bhfuil soghluaisteacht agus comhoibriú idirnáisiúnta nasctha le taighde níos láidre.

(Nature, 2017 4 DF; 550:32-33).

### NÁISIÚNTACHT



Tá méadú tagtha ar chéatadán na mac léinn idirnáisiúnta sa bhliain acadúil 2017/18 freisin in OÉ Gaillimh. Is ionann ár

# 3,972


mac léinn idirnáisiúnta agus 18% de na mic léinn fochéime agus 28% de na mic léinn iarchéime ar fad.

Tháinig méadú


# 4%

ar líon na gcomhaltaí foirne idirnáisiúnta an bhliain acadúil seo caite agus ionadaíocht ag níos mó ná 74 tír ar an gcampas.


**NÁISIÚNTACHT  
NA FOIRNE  
2019**



**NÁISIÚNTACHT  
NA MAC LÉINN  
2019**



## INSCNE



Tá próifíl inscne iomlán na bhfear/na mban ar an bhfoireann cosúil le próifíl na mac léinn, ach difríochtaí níos soiléire nuair a dhéantar iad a mhiondealú de réir aicme na foirne agus na mac léinn. Is beag athrú atá tagtha ar phróifíl inscne iomlán na foirne agus na mac léinn ón mbliain 2017/18. Tá an OVPED ag obair faoi láthair le comhghleacaithe ar fud na hOllscoile chun córas sonraí níos cuimsithí a fhorbairt chun cur ar ár gcumas taifead níos leithne a dhéanamh ar shraith sonraí inscne, agus iad siúd nach n-aithníonn catagóirí inscne dénátha a chur san áireamh.

### INSCNE NA FOIRNE 2019



#### COMHALTAÍ FOIRNE UILE

**43%**

**57%**

#### INSCNE NA FOIRNE ACADÚLA

**53%**

**47%**

#### INSCNE NA FOIRNE SEIRBHÍ TACAÍOCHTA

**30%**

**70%**

#### INSCNE NA FOIRNE TAIGHDE

**50%**

**50%**

### INSCNE NA MAC LÉINN 2018/19



#### MIC LÉINN UILE

**42%**

**58%**

#### INSCNE NA BHFOCHÉIMITHE

**42%**

**58%**

#### INSCNE NA NIARCHÉIMITHE

**40%**

**60%**



Éilíonn an tAcht um Míchumas 2005 ar chomhlachtaí poiblí fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leo agus sprioc go mbeidh 3% den fhoireann faoi mhíchumas a bhaint amach. Do bhliain 2018, thuairiscigh OÉ Gaillimh don ÚAO go raibh an sprioc maidir le 3% den fhoireann a bheith faoi mhíchumas bainte amach.

**3%**

**MÍCHUMAS**



## AOIS

### MEÁNAOIS NA FOIRNE / NA MAC LEINN

#### MEÁNAOIS NA FOIRNE

**44.5**

#### MEÁNAOIS NA FOIRNE ACADÚLA

**48**

#### MEÁNAOIS NA FOIRNE SEIRBHÍ TACAÍOCHTA

**48**

#### MEÁNAOIS NA FOIRNE TAIGHDE

**35**

#### MEÁNAOIS NA MAC LÉINN ATÁ CLÁRAITHE DO CHLÁIR CÉIME BAITSILÉARA LÁNAIMSEARHTHA

**21**

#### MEÁNAOIS NA MAC LÉINN IARCHÉIME

**31**



## Ceiliúrann OÉ Gaillimh 20 bliain de Rochtain

Le fiche bliain anuas, tá tacaíocht tugtha ag Ionad Rochtana OÉ Gaillimh do dhaoine aonair chun a bpoitéinseal oideachasúil a bhaint amach trí réimse clár, cur chuige, agus seirbhísí ar leith do mhic léinn - do mhic léinn nach gcoíonn le gnáthriachtanais oideachais agus/nó a thagann ó chúraí socheacnamaíocha a bhfuil tearcionadaíocht déanta orthu ag an tríú leibhéal. Is tosaíocht náisiúnta é leibhéal rannpháirtíochta agus cothromais níos airde a bhaint amach san ardoideachas maidir le hathrú sóisialta dearfach agus dul i ngleic le neamhionannas. Is léir go bhfuil tionchar ag Rochtain ar iontráil ollscoile i dtéarmaí líon agus éagsúlacht na ndaoine a d'fhág an scoil agus na mic léinn aibí a fhaigheann tacaíocht chun rochtain a fháil ar ardoideachas.

Is é aidhm na gcúrsaí Rochtana a chur ar chumas na mac léinn seo na scileanna, an t-eolas agus an mhuinín a bheith acu chun go mbeidh siad ar comhcheim leis na mic léinn a théann ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal ar an ngnáthbhealach.

San iomlán, ó chláraigh an Oifig Rochtana a céad 11 mhac léinn a d'fhág an scoil in 1997, tá cúrsa Rochtana déanta ag breis is 3,600 mac léinn fágála scoile agus lánfhásta, ar an gcampas nó i gceann dá hionaid for-rochtana.

Mar chuid den Cheiliúradh Fiche Bliain ar an Rochtain (1998-2018), leagadh béim ar obair na hOifige Rochtana i dtuarascáil taighde dar teideal Tuarascáil ar Rochtain agus Dul Chun Cinn Rochtana OÉ Gaillimh. Cuireann an tuarascáil seo sonraí ar fáil maidir le rannpháirtíocht agus dul chun cinn na mac léinn Rochtana, agus cuireann sí béim ar an tionchar tábhachtach agus fadtéarmach a bhí ag na cláir Rochtana ar beagnach 4,000 mac léinn ó Chathair agus Contae na Gaillimhe agus ó réigiúin na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus ó Chontae an Chláir, chomh maith leis an gcóras oideachais tríú leibhéal agus sochaí na hÉireann i gcoitinne. Tá obair leanúnach na hOifige Rochtana le feiceáil i sonraí na mac léinn le haghaidh na Bliana Acadúla 2018/19.

**60**  
mac léinn  
cláraithe  
ar Chúrsaí  
Rochtana.

Tugann an Cúrsa Rochtana an deis do mhic léinn lánfhásta agus do lucht fágála scoile iad féin a ullmhú, go pearsanta agus go hacadúil, do chúrsa fochéime lánaimseartha in OÉ Gaillimh.

Glacadh le  
**236**  
mac léinn  
sa chéad  
bhliain tríd  
an scéim  
HEAR.

Soláthraíonn HEAR scéim iontrála eile do lucht fágála scoile ó chúraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.


Glacadh le  
**178**  
mac léinn  
sa chéad  
bhliain tríd  
an scéim  
DARE.

Is scéim iontrála de chineál eile atá i gceist le DARE atá ar fáil do lucht fágála scoile ar chuir a míchumas isteach ar a n-oideachas dara leibhéal.

**1,125** mac léinn  
cláraithe

leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais.

Is ionann an líon seo agus méadú 63.5% ar líon na mac léinn cláraithe leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais le ceithre bliana acadúla anuas.









# 5. FORBAIRTÍ EDI AG LEIBHÉAL AN CHOLÁISTE AGUS NA SCOILE



Struchtúr Rialachais EDI, OÉ Gaillimh

Struchtúr Ghrúpa Oibre an EDICC, OÉ Gaillimh

Tá struchtúir chomhionannais lárnacha na hOllscoile leabaithe anois i struchtúr rialachais na hOllscoile le maoirseacht agus ceannaireacht shoiléir agus leanúnach. Tá eolas faoi choistí lárnacha EDI na hOllscoile, chomh maith le hOifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas agus Éagsúlacht (OVPED) ar fáil ag: [www.nuigalway.ie/equalityanddiversity](http://www.nuigalway.ie/equalityanddiversity)

## Struchtúir EDI a fhorbairt

Lean na struchtúir EDI in OÉ Gaillimh ar aghaidh ag forbairt in 2018/19. Tá scoileanna ag forbairt a gcoistí EDI féin (nó coistí Athena SWAN) chun dul i ngleic leis an gclár oibre EDI agus chun aiseolas a sholáthar dá gColáistí. Ón mbliain 2019/20 beidh Leas-Déan ag gach Coláiste do Chomhionannas agus Éagsúlacht a chuirfidh modh cumarsáide gníomhach ar fáil don Choiste Campais EDI agus dá nDéan Coláiste agus do choistí an Choláiste. Casann na Leas-Déin EDI le chéile go rialta leis an OVPED. Bhunaigh Fóram Stiúrthóirí na Seirbhísí Tacaíochta (SSDF) fochoiste Comhionannais freisin chun breathnú ar chomhionannas agus ar éagsúlacht in aonaid na seirbhíse tacaíochta. Leanfaidh struchtúir na gColáistí, na Scoileanna agus na nAonad ag forbairt go dtí go mbeidh an eagraíocht agus an tuairisciú leabaithe ar fud na hOllscoile.

## Athruithe sna Coláistí

### Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta, agus an Léinn Cheiltigh (CASSCS)

Le 12 mhí anuas, tá struchtúir agus próisis EDI leabaithe ag an Leas-Déan EDI, mar aon le comhghleacaithe ar choiste EDI an Choláiste, laistigh de gach aonad CASSCS. Tá ionadaithe, coistí, meithleacha EDI agus foirne féinmheasúnaithe Athena SWAN anois ag céimeanna éagsúla forbartha ar fud an Choláiste. Tá coiste EDI CASSCS ann agus ionadaithe air as gach Scoil. Tháinig an coiste seo le chéile trí huairé in 2018 agus d'fhorbair sé téarmaí tagartha agus

sceideal gníomhaíochtaí do 2019. Tá an Leas-Déan ina bhall den Choiste Campais EDI a dhéanann ionadaíocht ar CASSCS, agus tá sé ina bhall de ghrúpa pleanála CASSCS faoi chathaoirleacht an Déin, áit a gcuirtear treoir ar fáil maidir le forbairt agus ceisteanna a bhaineann le EDI ag leibhéal an Choláiste. Chomh maith le cur le gníomhaíochtaí leanúnacha EDI sa Choláiste agus ar fud na hOllscoile, tá roinnt príomhtháscairí feidhmíochta sonraíthe le haghaidh Leas-Déan EDI don dá bhliain amach romhainn. Ina measc tá siad seo a leanas:

1. Bunóidh gach aonad CASSCS struchtúir agus próisis EDI faoi dheireadh 2019
2. Cuirfidh Scoil na Síceolaíochta iarratas Cré-umha Athena SWAN isteach faoi Shamhain 2019
3. Cruthóidh an dara Scoil CASSCS Foireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN faoi mhí na Samhna 2019 agus déanfaidh siad iarratas faoi Shamhain 2020; Cruthóidh an tríú Scoil CASSCS Foireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN faoi Shamhain 2020 agus déanfaidh siadsan iarratas faoi Shamhain 2021.
4. An deis a thabhairt do gach comhalta foirne in CASSCS a bhfuil baint acu le hearcaíocht agus le roghnú oiliúint maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach a dhéanamh
5. Treoirlínte nua a fhorbairt maidir le conarthaí Cúntóirí Teagaisc Páirtaimseartha (PTTA) a úsáid laistigh de scoláireachtaí PhD



An Dr Gerry Molloy,  
Leas-Déan EDI CASSCS

## Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí (CBPPL)

Le 12 mhí anuas, tá an Leas-Déan EDI ag obair ar thrí phríomhthionscadal:

1. Teagasc agus foghlaim chuimsitheach a chur chun cinn
2. Prionsabail Athena SWAN in CBPPL a leabú
3. Dul i dteagmháil leis na pobail éagsúla inár réigiún agus ar fud an domhain

### Teagasc agus foghlaim chuimsitheach a chur chun cinn:

Geallann Comhshocrú an ÚAO le OÉ Gaillimh go dtacófar le forbairt iomlánaíoch ár bpobal mac léinn éagsúil. Is cuid lárnach den ghealltanas seo folláine na mac léinn agus go mothóidís muintearas laistigh dá bpobal foghlama. Tacaíonn cuimsiú le taithí oideachais níos tairbhiúla do gach mac léinn. Chun tacú leis na cuspóirí seo, d'fhorbair an Leas-Déan EDI, i gcomhar leis an Leas-Déan Teagaisc agus Foghlama agus an tIonad Sárchaighdeáin Foghlama & Teagaisc (CELT), tionscadal teagaisc agus foghlama cuimsithí a dhéanann measúnú ar thaithí na mac léinn, a chuireann oiliúint ar fáil don fhoireann ar straitéisí teagaisc chuimsitheacha, agus tugadh isteach Gradam an Déin don Teagasc agus don Foghlaim Chuimsitheach.

### Athena SWAN:

Geallann OÉ Gaillimh, i bPlean Gníomhaíochta Athena SWAN agus i gComhshocrú an ÚAO, prionsabail Athena SWAN a leabú i gcultúr na hOllscoile. Chun tacú leis na cuspóirí seo, d'oibrigh an Leas-Déan EDI leis na trí Scoil sa Choláiste chun tús a chur le próiseas creidiúnaithe Athena SWAN. Bhunaigh an Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta Foireann Féinmheasúnaithe (SAT) agus tá sé i gceist aici iarratas a dhéanamh ar ghradam cré-umha in 2020. Tá Scoil an Dlí i mbun SAT a bhunú.

### Ag freastal ar phobail éagsúla:

Geallann Comhshocrú ÚAO OÉ Gaillimh go bhfreastalófar ar ár bpobail éagsúla agus go mbeifear i dteagmháil leo ar bhealaí a shabhríonn a chéile agus go háirithe trí chaidreamh feabhsaithe ar an gcampas. Ina theannta sin, geallann an institiúid cur le líon na mac léinn ó phobail faoi mhíbhuntáiste, cláir speisialaithe a sholáthar do ghrúpaí áirithe ar nós baill den Lucht Siúil agus dídeanaithe. Tugann taighde le fios gurb iad na daoine is mó a bhfuil taithí acu ar shaol an champais is túisce a dhéanfaidh iarratas ar an Ollscoil. Chun tacú leis na cuspóirí seo, d'oibrigh an Leas-Déan EDI le Coiste na hOllscoile Tearmainn agus le Scoil an Dlí chun a chinntiú go gcuirimid áiteanna ar fáil do dhaoine atá i soláthar díreach chun freastal ar imeachtaí poiblí ar an gcampas. Le gairid, bhí an Leas-Déan EDI i dteagmháil le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe d'fhonn oibriú leo sa bhliain atá romhainn.

An Dr Shivaun Quinlivan,  
Leas-Déan EDI CBPPL



## Coláiste na hEolaíochta (CoS)

Bunaíodh Coiste Choláiste na hEolaíochta do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú i mí Iúil 2018, agus é mar aidhm aige cultúr cuimsitheachta agus measa a chothú ag gach leibhéal laistigh den Choláiste, agus tacú leis an gColáiste lena chinntiú go léiríonn a chuid cleachtas seo. Tá coistí Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe ag Coláiste na hEolaíochta i ngach ceann dá cheithre Scoil anois, agus duine de choiste an Choláiste ina c(h)athaoirleach ar gach ceann díobh. Ina theannta sin, bhunaigh na ceithre scoil Foirne Féinmheasúnaithe Athena SWAN, nó tá siad i mbun é a dhéanamh.

Don bhliain acadúil 2018/19, is iad Florence Abram (Eolaíochtaí Nádúrtha), Erica Burnell (Ceimic), Miriam Byrne (Fisic), Scott Green (Comhaltas na Mac Léinn), Kevin Jennings (Matamaitic), Niall Madden (Leas-Déan EDI), agus Tonya Watts (Bainisteoir Comhionannais) na baill den ghrúpa, agus tacaíonn Olive Mills (Coláiste na hEolaíochta) leo.

I measc na n-imeachtaí a d'eagraigh coistí EDI an Choláiste le linn na bliana acadúla seo caite tá:

- Ceimic: “Bricfeasta do Mhná an Domhain” mar chuid d'ócáid dhomhanda a d'eagraigh an tAontas Idirnáisiúnta Ceimice agus Ceimice Feidhmí, áit ar bhuail breis is 40 comhalta foirne agus mac léinn le chéile chun dul chun cinn gairme a phlé agus fadhbanna a bhí le sárú ag mná sa cheimic, 12 Feabhra.
- Fisic: Feachtas na meán sóisialta ar Lá Idirnáisiúnta na mBan ag ceiliúradh obair na gcéimithe ban ón Scoil sa tsochaí agus san eolaíocht ar fud na cruinne, 8 Márta.
- Coláiste: EDI i seimineár STEM ar “Straitéis Inscne Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2016-2020”, leis an Dr Rochelle Fritch (SFI), 25 Márta.
- Eolaíochtaí Nádúrtha: An chéad chruinniú uile-scoile ar Athena SWAN ar fhreastail os cionn 30 comhalta foirne agus mac léinn iarchéime air, 29 Márta.



An Dr Niall Madden,  
Leas-Déan EDI CoS

## Coláiste na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice (CoEI)

### Ballraíocht:

Tá 23 comhalta ar choiste EDI Choláiste na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice (CoEI) ar fud na gcatagóirí riaracháin, acadúla, taighde agus teicniúla agus triúr comhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar mhic léinn fochéime agus iarchéime agus ionadaí Innealtóireachta ó Chomhaltas na Mac Léinn a dtugtar cuireadh dóibh. Cuimsíonn an Coiste EDI 46% mná agus



54% fir (12:14) le 39% ionadaíocht shinsearach (10/26).

### Athena SWAN:

Bhí tacar sonraí nua ag teastáil ó thionscadal CoEI Athena SWAN chun iarratas a dhéanamh arís agus d'oibrigh an coiste le foireann DANte ISS chun tuarascálacha píblíne foirne agus mac léinn a ghiniúint go luath in 2019. Tá beirt oile mar phainéalaithe measúnaithe Athena SWAN agus rinne duine díobh measúnú ar iarratais ar ghradam Athena SWAN an 21 Márta i Londain.

### Acadamh Samhraidh Idirnáisiúnta in Engineering 4 Women:

Tairgeann an CoEI dhá scoláireacht do mhic léinn innealtóireachta bainearna chun freastal ar acadamh samhraidh innealtóireachta uathúil agus dúshlánach in Ollscoil na nEolaíochtaí Feidhmeacha san Ostair Uachtarach. I mbliana roghnaíodh na mic léinn innealtóireachta Karolina Sedyte agus Marissa Britton chun freastal ar an acadamh. Is clár dian coicís go leith é an tAcadamh, a thairgtear do 30 mac léinn bainearn ó 15 thír dhifriúla, ina mbíonn meascán den teoiric agus den taithí phraiticiúil san innealtóireacht, san ionformaitic agus sna heolaíochtaí nádúrtha. San iomlán tá scoláireachtaí bainte amach ag ceathrar mac léinn in OÉ Gaillimh san innealtóireacht agus san eolaíocht chun freastal ar an Acadamh ó 2017 i leith.

### An t-eolas is deireanaí maidir le Meantóireacht Shinsearach BSL - mic léinn bhaineanna PEP:

Tairgeann BSL scéim speisialta ina ndéantar meantóireacht shinsearach ar mhic léinn bhaineanna CoEI agus iad ar shocrúcháin taithí gairmiúla sa tríú bliain dá gcúrsa. Is í Mary O'Connor a rinne an mheantóireacht in 2018/19 agus is Bainisteoir í i Seachadadh Seirbhísí IT, BSL agus bhí ról aici roimhe seo in IT agus athrú lena n-áirítear bainistíocht shinsearach, rialachas agus iniúchadh.

### Imeachtaí sóisialta CoEI:

Tionóladh ócáid líonraithe Fáilte agus Slán le Comhaltaí Foirne an 11 Nollaig 2018; D'fhreastail an Déan nua, an tOllamh Walter Gear ar an ócáid. Tionóladh 'Ceardlann Smaointeoireachta' an 3 Aibreán leis an téama "Tionchar Straitéiseach thionscnaimh EDI CoEI" chun scrúdú a dhéanamh ar thionchar na dtionscnaimh reatha EDI CoEI, bearnaí a aithint agus tionscnaimh a eascraíonn as mar aon lena dtionchar féideartha.

Mary Dempsey,  
Leas-Déan EDI CoEI



### Spás Sóisialta na gComhaltaí Foirne agus na Mac Léinn:

Tá forbairt ar spás sóisialta foirne agus mac léinn tábhachtach chun cultúr cuimsitheach CoEI a

chruthú. Tá roghanna á bplé leis an ngrúpa oibre do spás sóisialta agus le hOifig na bhFoirgneamh faoi láthair.

## Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte (CMNHS)

Don bhliain 2018/19 ní raibh Leas-Déan EDI ag an CMNHS. Mar sin féin, tá coiste an-mhaith Athena SWAN ag Scoil an Leighis (SoM) a bhí gníomhach i gcur i bhfeidhm gníomhaíochtaí sonracha atá dírithe ar chumarsáid, cultúr, taithí na mac léinn, tionscnaimh forbartha gairme agus ionadaíocht na mban sa scoil a fheabhsú - ó rinneadh iarratas ar ghradam Cré-Umha i mí na Samhna 2017. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag roinnt leibhéal ó shin agus lean sé seo ar aghaidh go luath tar éis creidiúnú Cré-Umha a bhaint amach in Aibreán 2018. I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích tá:

- Leathanach gréasáin Athena SWAN forbartha mar aon le haischlíib twitter don choiste.
- Traenáil Féachadóirí Gníomhacha ag díriú ar bhulaíocht agus ar chiapadh, 100 duine oile ar fud na Scoile agus an Ghrúpa Saolta.
- Polasaí "croí-uaireanta" i bhfeidhm, agus gach coiste SoM ag cloí leis seachas ceann amháin. Cuireadh vóta ar amanna cruinnithe i bhfeidhm don ghrúpa a thagann le chéile lasmuigh de chroí-uaireanta.
- Cuireadh tuarascáil chuimsitheach le chéile ó ghrúpaí fócais le hiarchéimithe ina bhfuil moltaí maidir le gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar thaithí na mac léinn in SoM.
- Forbraíodh agus d'fhaomh Bord na Scoile Cáipéis Mháithreachais do Mhíic Léinn le scaipeadh agus le húsáid laistigh den SoM.
- Tá áiseanna le haghaidh beathú cíche do mhná atá ag fillleadh tar éis saoire mháithreachais curtha in iúl go forleathan laistigh de na campais SoM éagsúla (OÉ Gaillimh, acadaimh ghaolmhara sa cheantar thiar thuaidh agus ospidéal cheangailte).
- Tá cothromaíocht inscne anois ar gach coiste SoM.
- Tá ionadaíocht chothrom ar fhir agus ar mhná anois mar ghnáthamh ar an bpóidiam agus sa mhórshuíl ag bronnadh céimeanna.
- Rinneadh bealaí gairme (Acadúil, Riaracháin, Teicniúil) a fhiosrú agus a shainiú agus forbraíodh na pacáistí ionduchtaithe foirne.
- Tionóladh siompóisiam SoM Athena SWAN (Mná sa Leigheas) an-rathúil a rinne cur síos ar dhul chun cinn gairme sa scoil le déanaí mar an chéad cheann i sraith siompóisiamáí bliantúla.
- D'eagraigh SoM dhá thaispeántas ealaíne le dhá bhliain anuas a rinne ceiliúradh ar mhná. Rinne Daughters of the Dagda ceiliúradh ar ealaíontóirí ban áitiúil in 2018 agus rinne CREATE ceiliúradh ar eispéiris na mban le linn toirchis/breithe in 2019.

Fógraíodh an post mar Leas-Déan EDI i gColáiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte agus táthar ag súil go mbeidh an Leas-Déan nua tosaithe faoin mbliain acadúil 2019/20.

## 6. TUAIRISCIÚ AR BHEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ

Tá tús curtha ag Oifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas agus Éagsúlacht, le tacaíocht ó UMT, leis an Tionscadal maidir le Bearna Phá idir na hInscní (GPG) in OÉ Gaillimh. Tá KPMG fostaithe ag an Ollscoil chun an anailís ar an mbearna phá seo a dhéanamh agus chun comhairle a chur ar an Ollscoil maidir leis na riachtanais tuairiscithe náisiúnta is dóichí, agus í ag ullmhú don am a dtiocfaidh tuairisciú bliantúil GPG ina riachtanas in Éirinn.

Tá an bhearna phá idir na hinscní (GPG) deartha chun an méid a dhéantar ionadaíocht ar mhná go cothrom ar fud eagraíochta a léiriú, i dtéarmaí tuarastail. Is í an difríocht sa mheánphá in aghaidh na huairé do mhná atá i gceist i gcomparáid le fir in eagraíocht ar leith.\*

*\* I gcás na foirne ar rátaí in aghaidh na huairé úsáidtear an fíor-ráta sna ríomhanna GPG. I gcás na gcomhaltaí foirne sin nach bhfuil ar rátaí in aghaidh na huairé tá an ráta in aghaidh na huairé bunaithe ar thuarastal bliantúil arna roinnt ar 52 (seachtainí) roinnte ar na huairéanta cuí in aghaidh na seachtaine de réir chonradh na catagóire foirne.*

In Éirinn, tá reachtaíocht maidir le tuairisciú GPG fós á forbairt. Ritheadh Bille Príobháideach sa Seanad i nDeireadh Fómhair 2017 agus d'fhaomh


an Chomh-Aireacht i mí an Mheithimh 2018 an Scéim Ghinearálta faoin mBille fá Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní ("Bille Rialtais"), a d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt Charlie Flanagan. Meastar go mbeidh ar chuideachtaí agus ar institiúidí Éireannacha eile a fhostaíonn 50 duine nó níos mó a GPG a thuairisciú go poiblí as seo go ceann dhá bhliain eile. Tá tús curtha ag OÉ Gaillimh le hobair sa réimse seo chun bonnlíne a leagan síos agus chun ár bpobal a dhéanamh páirteach i laghdú an GPG. Tá sé i gceist againn an GPG a iniúchadh go bliantúil agus é sin a thuairisciú inár dtuarascáil bhliantúil EDI.

Níor chóir GPG a mheascadh leis an gcoincheap pá comhionann as obair chomhionann (cothroime phá). Cé go gcuireann ceisteanna maidir le cothroime phá isteach ar an mbearna phá, cuireann gnéithe tábhachtacha eile cosúil le comhdhéanamh agus srathú an fhórsa saothair isteach air chomh maith. Rinneadh athbhreithniú ar an meántuilleamh do chomhaltaí foirne Acadúla san Ollscoil, mar chuid dár n-iarratas Cré-umha Athena SWAN, agus léiríonn na torthaí maidir le Cothroime i bPá Acadúil go soiléir nach bhfuil fadhb cothroime pá in OÉ Gaillimh.


Cothroime i bPá Acadúil (Meántuilleamh de réir Gráid agus Inscne)	2016			2017			2018		
	Grád Acadúil	👤	👧	Coibhneas 👤👧	👤	👧	Coibhneas 👤👧	👤	👧
Léachtóir (faoi bhun an Bhaic)	€49,924	€52,330	1.05	€50,796	€51,661	1.02	€52,693	€52,942	1
Léachtóir (os cionn an Bhaic)	€74,992	€74,524	0.99	€75,749	€75,690	1	€78,999	€79,089	1
Léachtóir Sinsearach	€86,629	€84,837	0.98	€86,748	€84,635	0.98	€91,291	€91,902	1.01
Ollamh Pearsanta	€121,766	€121,766	1	€124,570	€124,570	1	€129,979	€129,979	1
Ollamh Bunaithe	€135,518	€127,553	0.94	€137,288	€133,371	0.97	€143,446	€135,495	0.95

Tá comhdhéanamh ár ngrúpa foirne atá rangaithe de réir catagóirí Acadúla, Taighde agus Seirbhísí Tacaíochta (lena n-áirítear Riarachán, Foirgnimh, Leabharlann, agus Foireann Theicniúil), amhail deireadh Mhárta 2018, léirithe thíos.


### CATAGÓIR FOIRNE



### STÁDAS FOIRNE



### CINEÁL CONARTHA






Tá Bearna Phá shuntasach idir na hInscní ag OÉ Gaillimh, mar a bheifí ag súil leis ónár bpróifíl agus cosúil le go leor institiúidí Éireannacha agus go leor ollscoileanna go hidirnáisiúnta. Tá GPG OÉ Gaillimh do Mhárta 2018 curtha i láthair sa tábla thíos de réir catagóir foirne.

CATAGÓIR	MEÁNBEARNA	BEARNA AIRMHEÁNACH
Acadúil	23.2%	11.8%
Seirbhísí Tacaíochta	14.4%	16.8%
Taighde	7.6%	0.0%


*\*Is éard atá i gceist le tuairiscíú bearna phá idir na hinscín ná an bhearna mheánach agus airmheánach phá a thuairiscíú. Is meán atá i gceist leis an meánbhearna phá idir na hinscín. Ríomhtar é trí thuarastail/thuilleamh na bhfostaithe fireanna agus bainearna go léir a shuímiú agus a roinnt ar líon na bhfostaithe. Is í an bhearna phá an difríocht idir na meánfhiúirí (ar an meán) d'fhir agus an uimhir atá i lár na hinscne a chur i gcomparáid. Is í an mheánbhearna phá an figiúr is mó a thuairiscítear. Baintear úsáid as an bhfigiúr airmheánach pá chun eisceachtaí a láimhseáil - nuair a thuilleann duine amháin i bhfad níos mó ná an chuid eile den fhoireann.*

Is fiú a lua go bhfuil GPG 23.2% ag an lucht acadúil mar gheall go bhfuil 42% de na fir ar fad sa chatagóir foirne acadúla ag grád Léachtóra Shinsearaigh (SL) nó níos airde, agus i mí an Mhárta 2018 ní raibh ach 16% de mhná i bhí i gcatagóir na foirne acadúla ag grád Léachtóra Shinsearaigh nó os a chionn. Mar gheall ar leibhéal an GPG in OÉ Gaillimh, agus leibhéal na foirne acadúla go háirithe, tá gá le haird phráinneach agus dhíríte chun an GPG a laghdú. Is amhlaidh freisin go bhfuil ardú céime acadúil faoi smacht na hOllscoile, agus ní mór nasc a bheith ag arduithe céime sna réimsí seirbhísí gairmiúla agus tacaíochta faoi láthair le folúntais a thagann chun cinn agus le comórtas inmheánach nó oscailte do na folúntais sin. Taispeánann ceathairleanna de luachanna tuarastail an coibhneas tuillimh ag fostaithe fireanna agus bainearna ó raonta tuarastail uachtair go híseal.


## Difríocht Inscne de réir Ceathairleanna de Luachanna Tuarastail:



CEATHAIRÍL DEN MHEÁNTUARASTAL ÍOCHTARACH



CEATHAIRÍL DEN TUARASTAL ÍOCHTARACH



Seo a leanas cuid de na bearta atá á ndéanamh ag OÉ Gaillimh chun an GPG a laghdú:

1. Tionscadal Arduithe Céime a dhíríonn ar arduithe céime chuig Léachtóir Sinsearach agus Ollamh Pearsanta araon - tacóidh an tionscadal le suas le 15 bhean in aghaidh na bliana mar ullmhúchán d'ardú céime.
2. Monatóireacht chúramach ar bhuíonta iarratasóirí agus ar ghearrliostaí do gach post sinsearach, seirbhísí gairmiúla agus acadúil. Is éard a bheas i gceist leis seo sprioc 30% ar a laghad d'iarrthóirí bainearna i mbuíonta iarratasóirí agus 50:50 i ngearrliostaí do gach post sinsearach ó thús na bliana acadúla 2019/20.
3. Próiseas ardaithe céime rollach a chur chun cinn le haghaidh ardaithe céime go Léachtóir Sinsearach agus Ollamh Pearsanta (le dhá phointe iarratais gach bliain) agus Grád an Ollaimh Chomhlaigh a thabhairt ar ais in OÉ Gaillimh.
4. Tá deontais taighde do chúramóirí acadúla atá ag filleadh agus deontais forbartha acmhainne taighde Athena SWAN (suas le 10 in aghaidh na bliana) ar fáil ón mbliain acadúil 2016/17 agus tá siad sin bunaithe anois.
5. Tá scéim coinneála don fhoireann acadúil ag OÉ Gaillimh. Cuirfear tús le monatóireacht ar ghlacadh leis an scéim seo de réir inscne agus déanfar tuairiscíú bliantúil chuig an gComhairle Acadúil, EDICC, agus Údarás na hOllscoile ó Mheitheamh 2019.
6. Tá an Stiúrthóir Acmhainní Daonna ag dul i dteagmháil le comhghleacaithe ar fud earnáil na n-ollscoileanna chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chuige earnála ar Chreat Meastóireachta Poist a fhorbairt d'fhoireann Riaracháin, toisc gur ceist thábhachtach í seo ní hamháin in OÉ Gaillimh ach in earnáil na n-ollscoileanna trí chéile in Éirinn. Le blianta beaga anuas, nuair a bhí siad ann, stop an ÚAO/DES nó cuireadh ar ceal go hiomlán beagnach gach féidearthacht ardaithe céime nó dul ar aghaidh do Sheirbhísí Gairmiúla (lena n-áirítear foireann theicniúil), lasmuigh de dheiseanna ardaithe céime iomaíocha inmheánacha a éilíonn ar chomhghleacaithe poist a athrú.
7. Tá tacaíochtaí d'fhorbairt gairme agus ceannaireachta - clár Forbartha Ceannaireachta Aurora ar fáil do suas le 20 bean in aghaidh na bliana ó gach catagóir foirne. Tá clár forbartha gairme, meantóireachta agus/nó cóitseála ar fáil d'fhoireann OÉ Gaillimh ar fad.
8. Grúpa Oibre faoi stiúir Acmhainní Daonna ar Fhostaíocht Neamhbhuan - an t-am i láthair

- a shocrú agus pleanáil don todhchaí. Aontaíodh ar Théarmaí Tagartha an Ghrúpa Oibre i mí na Bealtaine 2019.
9. Tá an creat inniúlachta do ghráid riaracháin sa chéim phleanála phiolótach faoi láthair. Tá Acmhainní Daonna ag súil é seo a chur i bhfeidhm laistigh den bhliain acadúil 2019/20.
  10. Cláir oiliúna do ghráid riaracháin, i.e. Gráid 1 - 5, chun a gcuid scileanna a fhorbairt do róil amach anseo.

Cuireadh an tionscadal GPG, agus an toradh do Mhárta 2018, i láthair ag an gcruinniú foirne uile a thionóil an tUachtarán i mí an Mhárta 2019. Cuireadh i láthair EDICC, an Chomhairle Acadúil agus EDIC é agus cuirfear faoi bhráid Údarás na hOllscoile é i Meitheamh 2019. Rinneadh é seo chun pobal uile na hollscoile a bheith páirteach sa phlé ar ár GPG, ar bhealach cothrom trédhearcach - agus chun na bearta atá á ndéanamh ag an Ollscoil chun an GPG a laghdú a dheimhniú.



**Advancing the collaborative work of the Equality, Diversity and Inclusion Committee (EDIC), and the Equality, Diversity, and Inclusion Campus Committee (EDICC)**

**EDIC/EDICC  
Collective Intelligence Report**



November 22<sup>nd</sup> 2018

Collective Intelligence Network Support Unit (CINSU), National University of Ireland Galway

Michael Hogan, michael.hogan@nuigalway.ie  
Michelle Hanlon, michelle.hanlon@nuigalway.ie  
Owen Harney, harneyowen@gmail.com



## 7. FAISNÉIS CHOMHCHOITEANN EDIC/EDICC

### Pleanáil do Thodhchaí EDI in OÉ Gaillimh

Tionóladh Cleachtadh Faisnéise Comhchoitinne (CI) an-mhaith an 22 Samhain 2018. Bhí cuid de Choiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe Champas OÉ Gaillimh (EDICC) agus Coiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe Údarás na hOllscoile (EDIC) páirteach ann. Bhí an Cleachtadh a raibh an Dr Mike Hogan agus a fhoireann ó Scoil na Síceolaíochta mar áisitheoirí air, ar siúl san Aula Maxima, agus bhí 21 ball coiste EDIC/EDICC i láthair. Ba é aidhm an chleachtaidh seo ionchur agus peirspectíochtaí a bhailiú ó lucht an choiste chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhionannas, éagsúlacht, agus cuimsiú a chur chun cinn ar fud na hollscoile.

D'oibrigh baill den EDIC/EDICC le chéile chun:

**(a)** Machnamh a dhéanamh ar shraith smaointe faoi conas tacaíocht níos fearr a thabhairt d'obair EDICC agus comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn tuilleadh ar fud na hOllscoile.

**(b)** Machnamh a dhéanamh ar shraith téamaí ag teacht chun cinn ón tsraith iomlán smaointe agus bealaí a aithint ina bhféadfaí smaointe a bhaineann le príomhthéamaí a chur i bhfeidhm ar bhealaí cinnte, sonracha agus indéanta.

Cuirfidh torthaí an chleachtaidh seo a bhí thar a bheith úsáideach le forbairt an phlean straitéisigh nua do OÉ Gaillimh agus le clár oibre EDICC sa bhliain atá romhainn.





# 8. CRUINIÚ EDIC HALLA AN BHAILE DON FHOIREANN UILE

Tionóladh an chéad Chruinniú Halla an Bhaile a bhí á reáchtáil ag an gCoiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (EDIC) Dé Céadaoin, an 13 Feabhra 2019. Cuireadh an-suim sa chruinniú agus ghlac os cionn 70 comhghleacaí ar fud na hOllscoile páirt ann, lena n-áirítear an tUachtarán, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh.

Chuir Sinéad Uasal Ní Fhatharta, Cathaoirleach EDIC, tús leis an gcrúinniú agus d'fháiltigh sí roimh bhaill den EDIC agus roimh gach comhghleacaí a bhí i láthair ag an gcrúinniú. Thug an Cathaoirleach agus an Leas-Uachtarán do Chomhionannas agus Éagsúlacht cur i láthair ansin ar stair, struchtúr rialachais, ballraíocht, agus Téarmaí Tagartha EDIC. Tarraingíodh aird ar ghnéithe áirithe d'obair an EDIC, mar aon leis an gcaidreamh sineirgíoch idir an EDIC agus an Coiste Campais Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (EDICC). Ina dhiaidh sin, bhí plé gaolmhar, faisnéiseach agus lón líonraithe ar siúl.



## 9. CLÁIR OIBRE EDICC

Scrúdaigh an EDICC clár oibre a chuimsíonn na sruthanna oibre seo a leanas, agus forbraíonn gach grúpa oibre tionscnaimh agus gníomhaíochtaí i rith na bliana acadúla 2018/19:

- A. Comhionannas Inscne  
(lena n-áirítear Tionscnamh Athena SWAN)
- B. LGBT+
- C. Míchumas
- D. Éagsúlacht Chultúrtha

### A. Comhionannas Inscne

Leanann obair chun comhionannas inscne a leabú agus a phríomhsruthú go leanúnach in OÉ Gaillimh trí roinnt polasaithe, grúpaí oibre, agus tionscnamh a forbraíodh i rith 2018/19.

#### Athena SWAN

Bronnadh gradam cré-umha Athena SWAN go hoifigiúil ar OÉ Gaillimh, mar aon le Scoil an Leighis, ag searmanas i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2018. Bhronn an tAire Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Stáit d'Ard-Oideachas na gradaim.



Clé-Deas Aoife Cooke, an tAire Mary Mitchell O'Connor, TD, an tOllamh Anne Scott, an Dr Ann Ryan ag searmanas bronntha Ghradam Cré-umha Athena SWAN.

Tá Foireann Féinmheasúnaithe (SAT) Institiúideach SWAN ag leanúint ar aghaidh ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta Athena SWAN, lena n-áirítear tacú le scoileanna iarratas a dhéanamh ar ghradam Athena SWAN. Reáchtáil SAT Institiúideach oíche eolais Halla an Bhaile an 23 Samhain 2018 chun an fhoireann ar fad a thabhairt cothrom le dáta agus a chinntiú go dtuigeann an oiread comhghleacaithe agus is féidir an luach a bhaineann le dul i ngleic le próiseas Athena SWAN, agus riachtanais Chairt Athena SWAN tar éis 2015 a théann níos faide ná STEM chuig gach disciplín san ollscoil. Chun

comhghleacaithe Scoile a mhealladh tuilleadh, reáchtáladh dhá cheardlann an 28 agus 29 Eanáir 2019 faoi stiúir Bhainisteoir Cláir Athena SWAN na hÉireann, an Dr Victoria Brownlee.

Tá OÉ Gaillimh tiomanta d'ocht n-aighneacht scoile a dhéanamh le linn Plean Gnímh reatha Athena Swan (2018 - 2021). Meastar go gcuirfean an chéad dá iarratas isteach i mí na Samhna 2019 ó Scoil na Fisice agus ó Scoil na Síceolaíochta. D'oibrigh Oifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas agus Éagsúlacht le foireann DANte ISS chun sraith tuarascálacha a fhorbairt a chabhróidh le soláthar na sonraí riachtanacha le haghaidh aighneachtaí Scoile. Gheobhaidh scoileanna tacaíocht spriocdhírthe ón OVPED chun iarratas Athena SWAN a ullmhú.

D'fheidhmigh ceathrar ball de SAT na hInstitiúide, agus ball amháin ó SAT Scoil an Leighis agus Choláiste na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice, mar chomhaltaí painéil mheastóireachta d'aighneachtaí Ghradam Athena SWAN i mí na Samhna 2018, ar fud na hÉireann agus na RA araon. Is é seo an tríú babhta aighneachtaí ina raibh baill SAT ag OÉ Gaillimh mar chomhaltaí painéil meastóireachta, agus an chéad uair a reáchtáladh painéal meastóireachta Athena Swan i mBaile Átha Cliath (chomh maith le painéil atá bunaithe i Londain).



Comhghleacaithe i láthair ag Siompóisiam Tionscnaimh Bliantúil Athena SWAN Scoil an Leighis

### An Plean Gníomhaíochta do Chomhionannas Inscne

Forbraíodh an dara Plean Gníomhaíochta do Chomhionannas Inscne de chuid OÉ Gaillimh (GEAP 2) a chomhtháthaíonn na pleananna gníomhaíochta seo a leanas;

- Plean Gníomhaíochta Athena SWAN OÉ Gaillimh,
- Gnéithe de GEAP 1 OÉ Gaillimh atá fós i mbun oibre - lena n-áirítear moltaí ó Athbhreithniú an ÚAO ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann (2016) agus
- an Plean Gníomhaíochta do Chomhionannas Inscne 2018 - 2020, a sheol an tAire Mitchell O'Connor i mí na Samhna 2018.



Trí chomhtháthú na dtrí phlean gníomhaíochta seo i gcáipéis amháin (GEAP 2), beifear in ann maoirseacht níos éifeachtaí a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse an chomhionannais inscne ar fud na hollscoile. Rinne an UMT faomhadh ar an dara GEAP i mí na Bealtaine 2019 agus rinne an EDIC é a fhaomhadh i Meitheamh 2019.

## Grúpa Oibre ar Chiapadh Gnéasach agus Foréigean Gnéasach

Bunaíodh Grúpa Oibre ar Chiapadh Gnéasach, faoi chathaoirleacht an VPED agus le ballraíocht tras-ollscoile, i mí Eanáir 2019 agus bhí ceithre chruinniú aige an bhliain acadúil seo. Tá obair thosaigh an ghrúpa seo ag díriú ar athbheithniú a dhéanamh ar ár bpolasaíthe, nósanna imeachta agus riachtanais oiliúna sa réimse seo, chun pobal OÉ Gaillimh a ullmhú níos fearr lena chinntiú go bhfuil an fhoireann agus na mic léinn ar an eolas faoin dualgas atá orainn meas a bheith againn ar a chéile agus tacú le mic léinn agus comhaltaí foirne ar tharla ciapadh gnéasach agus/nó foréigean gnéasach dóibh. Sa chomhthéacs seo tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar an 5 Aibreán 2019 nuair a sheol an tAire Mitchell O'Connor an **Creat le haghaidh Toiliú san Ardoideachas: “Slán, Measúil, Tacúil agus Dearfach Ag cur Deireadh le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann”**. Tá an tuarascáil iomlán le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Choinnigh an Dr Pádraig MacNeela ar an eolas Grúpa Oibre OÉ Gaillimh faoi na forbairtí náisiúnta sa réimse seo mar go raibh sé ina bhall den Fóram Náisiúnta a chuir an Creat le chéile, agus ina bhall de Ghrúpa Oibre OÉ Gaillimh.

## Grúpa Comhairleach Seachtrach

Thug an Grúpa Comhairleach Seachtrach do Chomhionannas Inscne (EAG), a bunaíodh mar thoradh ar mholadh ó Thascfhórsa Comhionannais Inscne OÉ Gaillimh (2016), an tríú cuairt bhliantúil ar an Ollscoil an 6 Meitheamh 2019. Bhuail comhaltaí EAG leis an Uachtarán, le Foireann Bainistíochta na hOllscoile, agus leis an OVPED. Bhí lón líonraithe acu freisin le baill EDIC agus EDIC araon. Ba dheis é seo don EAG dul chun cinn a phlé maidir le leabú an chlár EDI in OÉ Gaillimh, agus go háirithe forbairtí maidir le tacú le comhionannas inscne san Ollscoil, le baill den dá phríomhchoiste ollscoile seo.



C-D Comhaltaí an EAG, an tOllamh Paul Walton, an tOllamh Jane Grimson, an tOllamh Yvonne Galligan, agus an tOllamh Tomas Brage.

## B. LGBT+

Áiríodh ar chlár oibre tosaigh an EDIC sofheictheacht agus feachtas ar ábhair imní agus ar fhadhbanna LGBT+ a fhorbairt ar an gcampas. Lean an Líonra Foirne LGBT+, a bunaíodh i mí Lúnasa 2017, ag cur lena dtionscnaimh rannpháirtíochta agus sofheictheachta i rith 2018/19.

Tá láithreach shofheicthe ag pobal Foirne LGBT+ na hOllscoile anois i bhféile Bród na Gaillimhe, agus foireann OÉ Gaillimh ag máirseáil in éineacht le Comhaltas na Mac Léinn. Mar cheiliúradh ar Bhród na Gaillimhe 2018, thug an Líonra an taispeántas Road to Equality chuig an gcampas freisin. 40 bliain de ghníomhaíochas a d'athraigh Éire atá sa taispeántas Road to Equality, agus ba é an toradh a bhí air ná comhionannas pósta agus aitheantas inscne. D'fhorbair an Chónaidhm Náisiúnta LGBT an taispeántas a thug ar iasacht é go flaitiúil do OÉ Gaillimh.

Cuireadh an polasaí maidir le Féiniúlacht Inscne agus Léiriú Inscne i bhfeidhm go hiomlán ar an gcampas i rith 2018/19, le cosáin agus tacaíochtaí soiléire don fhoireann agus do na mic léinn araon. Is í Oifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas agus Éagsúlacht an chéad phointe teagmhála ainmnithe do chomhaltaí foirne nó do mhic léinn chun an polasaí agus na tacaíochtaí atá ar fáil a phlé. Tá Líonra Foirne LGBT+ chomh maith le hOifigeach do Chearta Inscne agus LGBT+ Comhaltas na Mac Léinn agus GIGSoc ar fáil le haghaidh tacaíocht piaraí agus acmhainní.

Chabhraigh Líonra Foirne LGBT+ le tionscnamh do chuimsiú sofheicthe a fhorbairt, tionscnamh a seoladh i mbliana, Clár Carad LGBT+ OÉ Gaillimh. Is tionscnamh bunaithe ar bhaill é an Clár Carad atá ag obair chun eolas, feachtas agus tacaíocht a mhéadú do chomhghleacaithe agus do mhic léinn LGBT+. I gcomhpháirtíocht le daoine aonair agus le Scoileanna/Aonaid, tá sé mar aidhm ag Clár Carad LGBT+ timpeallacht shábháilte agus chuimsitheach a chruthú d'fhoireann agus do mhic léinn beag beann ar a bhféiniúlacht ghnéis agus inscne in OÉ Gaillimh agus tacú le cultúr comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta. Cuirtear acmhainní agus faisnéis ar fáil do chairde le bheith ina gchairde muiníneacha agus tacúla ar an gcampas. Le tuilleadh eolais a fháil nó le bheith i do Chara LGBT+, tabhair cuairt ar: [www.nuigalway.ie/equalityanddiversity/lgbt](http://www.nuigalway.ie/equalityanddiversity/lgbt)

Tá EDIC, agus an Líonra Foirne LGBT+, thar a bheith bródúil as an obair a rinneadh le dhá bhliain anuas agus leis an rannpháirtíocht ó phobal na hollscoile. Tá clár oibre LGBT+ mar a measadh é bainte amach, agus uaidh seo amach, beidh guth láidir ag Líonra Foirne LGBT+, an Clár Carad LGBT+, agus pobal Ollscoile LGBT+ in OÉ Gaillimh. Tuigeann an Líonra Foirne LGBT+ an obair dhíograiseach atá i gceist sna hathruithe agus na forbairtí seo a bhaint amach in OÉ Gaillimh, agus táthar ag súil le bheith ag obair le pobal na hollscoile sna blianta amach romhainn. Chun teagmháil a dhéanamh nó tuilleadh eolais a fháil seol ríomhphost chuig [LGBT@nuigalway.ie](mailto:LGBT@nuigalway.ie)







Comhaltaí de Líonra Foirne LGBT+ OÉ Gaillimh ag máirseáil le mic léinn i bparáid Bhród na Gaillimhe





## C. Míchumas

Go hidirnáisiúnta, tá an meon i leith míchumais ag athrú ó shamhail leighis go samhail shóisialta, a bhuíochas sin do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), a dhaingnigh Éire i Márta 2018. De réir na samhla sóisialta meastar an chaoi a bhfuil an tsochaí míchumasach seachas lagú an duine féin; mar shampla, bacainní fisiciúla agus dearcaidh. Ón meon seo, tá an Grúpa Oibre ar Mhíchumas ag stiúradh agus ag comhoibriú ar roinnt tionscadal chun a chinntiú go bhfuil na deiseanna céanna a bheith páirteach chomh maith agus is féidir leo ag foireann agus mic léinn, chomh maith le haon duine eile ó phobal OÉ Gaillimh.

In 2018/19, dhírigh an Grúpa Oibre ar shé phríomhréimse:

1. Comhairliúchán le comhaltaí foirne trí shuirbhé leathan ar chultúr Comhionannais agus Éagsúlachta chun cabhrú linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil comhaltaí foirne faoi mhíchumas san ionad oibre á dtacú againn faoi láthair agus chun na fadhbanna is tábhachtaí a aithint chun ionad oibre níos cuimsithí a chruthú.
2. Togra a fhorbairt chun Ciste lárnach na hOllscoile a bhunú a thabharfaidh tacaíocht do mhic léinn neamh-AE nó dóibh siúd nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú stáit tríd an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas (FSD). Cuireann ciste lárnach ar chumas na hOllscoile tacú leis na mic léinn seo ar bhealach tráthúil agus cinntíonn sé gur féidir leis an ollscoil a riachtanais dhlíthiúla a chomhlíonadh go réamhghníomhach mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015.
3. Foilsiú Treoir Foirne ar Mhíchumas san Ionad Oibre.
4. Tá obair tosaithe ag an nGrúpa Oibre ar Pholasaí Socruithe Réasúnta do mhic léinn faoi mhíchumas.
5. Bealaí iontrála do mhic léinn faoi mhíchumas - Rinne an Grúpa Oibre nasc idir na bealaí iontrála éagsúla do mhic léinn lena chinntiú go gcuirtear an t-eolas céanna ar fáil do gach mac léinn, mic léinn idirnáisiúnta san áireamh, nuair a ghlacann siad le tairiscint chun mic léinn a spreagadh le míchumas a chur in iúl sula dtagann siad chuig OÉ Gaillimh. Déantar é seo lena chinntiú go bhfuil dóthain tacaíochta ar fáil, lena n-áirítear rochtain ar chóiríocht inrochtana, nuair a thagann mic léinn go Gaillimh.

## D. Éagsúlacht Chultúrtha

In 2018/19 dhírigh an Grúpa Oibre ar Éagsúlacht Chultúrtha ar thrí fhadhb leanúnacha:

1. **Bacainní ar fhoireann neamh-AE**, lena n-áirítear deacrachtaí a bhaineann le nósanna imeachta maidir le stádas víosa a choinneáil agus teorainneacha ar thaisteal thar lear. Rinne an grúpa oibre machnamh ar roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear (a) comhairliúchán le comhghleacaithe a bhfuil eolas acu ar na nósanna imeachta; (b) sonraí iomchuí a thiomsú chun na comhaltaí foirne

a ndéantar difear dóibh a aithint agus a raon feidhme; agus (c) cur chuige féideartha do na Gardaí (GNIB) le moltaí chun soláthar seirbhísí sainiúla athnuachana víosaí a éascú d'fhoireann agus do mhic léinn OÉ Gaillimh. Tá an grúpa oibre tar éis comhghleacáil le taithí as Acmhainní Daonna a chomhthoghadh chun a chinntiú go bhfuil príomhoifigí i gceist agus go nglacfaidh an Ollscoil cur chuige comhordaithe, comhsheasmhach i leith na nithe seo uaidh seo amach.

2. **Éagsúlacht chultúrtha in ionadaíocht foirne agus i gcinteoireacht** ar fud na hollscoile. Mar chéad chéim, breathnóidh an grúpa oibre ar bhealaí chun sonraí a bhailiú faoi náisiúntacht agus eitneachas na foirne trí chóras bailiúcháin a fhorbairt agus fostaithe na hollscoile a spreagadh chun réimsí monatóireachta éagsúlachta a líonadh ina dtaifid, d'fhonn iarrachtaí a fheabhsú sa todhchaí chun ionadaíocht a mhéadú. Tá planáil don bhailiúchán sonraí seo ar siúl agus rachaidh sé ar aghaidh le speisialtóirí comhthofa sa bhliain acadúil 2019/20.
3. **Athbhreithniú a dhéanamh ar chomhionannas i ngnóthachtáil acadúil fhoghrúpaí cultúrtha na mac léinn**, i bhfianaise taighde idirnáisiúnta a thugann le tuiscint go mbíonn bacainní acadúla ar mhic léinn mhionlaigh chultúrtha nach dtarlaíonn de bharr (mar shampla) tosca socheacnamaíocha. D'aontaigh an grúpa oibre gur cheart iniúchadh a dhéanamh ar shonraí maidir le gnóthachtáil chun fairsinge na faidhbe seo a fháil amach dá mbeadh sé le sonrú san ollscoil seo; d'fhéadfadh na féidearthachtaí chun sonraí a fhiosrú maidir le teagmháil níos leithne le saol na mac léinn (m.sh. clubanna agus cumainn) a bheith cabhrach freisin. Déanfar tuilleadh machnaimh ar an gceist seo sa bhliain acadúil atá le teacht.

Chomh maith leis an obair thuas tá an-éileamh ar Líonra don Fhoireann Idirnáisiúnta ag roinnt comhghleacaithe ar fud na hOllscoile. Tar éis plé le déanaí ag an gComhairle Acadúil ar an ábhar seo, d'oibrigh comhghleacaithe in Oifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas agus Éagsúlacht leis an Dr Srinivas Raghavendra, Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta Cairnes, agus Leas-Déin EDI an Choláiste chun fóram líonraithe lóin agus plé a eagrú mar chéad chéim i bhforbairt an Líonra. Reáchtáladh an imeacht lóin seo an 30 Bealtaine 2019 agus d'fhreastail thart ar 50 comhghleacáil ar fud na hollscoile air. Aontaíodh go díograiseach an tionscadal seo a thabhairt chun cinn sa bhliain acadúil nua.



C-D, An Dr Srinivas Raghavendra, Tonya Watts, an Dr Dinali Wijeratne, Aoife Cooke, an tOllamh Anne Scott, an Dr Andrés Költ Kö ag an gcéad chruinniú líonraithe don fhoireann idirnáisiúnta.







# 10. IMEACHTAÍ & TIONSCNAIMH EDI 2018/19

Léiríonn an réimse imeachtaí agus tionscnamh a dtacaíonn an OVPED leo le linn 2018/19 an méid a bhíonn comhaltaí foirne páirteach iontu go fonnmhar ar fud an champais. Léiríonn an méid seo a leanas blaiseadh den chultúr comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe atá forbartha in OÉ Gaillimh.

## Tionóil Teaghlaigh

D'oibrigh oibríthe deonacha Phobal Tuismitheoirí OÉ Gaillimh go crua chun dhá imeacht spreagúla a eagrú do theaghlaigh i mbliana. Bhí Oíche Scannán Samhraidh Teaghlaigh ar siúl an 22 Lúnasa 2018 i bPictiúrlann an Eye. Bhain na tuismitheoirí agus na páistí taitneamh as léiriú den chéad Mary Poppins agus tugadh grán rósta agus deochanna saor in aisce dóibh. Tionóladh Féile Teaghlaigh na Nollag an 16 Nollaig 2018 in Áras na Mac Léinn. Bhain na teaghlaigh taitneamh as na hainmhithe feirme, lámhchleasaíocht, scéalaíocht, agus péinteáil aghaidheanna - chomh maith le héisteacht le scéalta ó bhean chéile Dhaidí na Nollag a raibh bronntanas speisialta aici do gach leanbh.



Bean chéile Dhaidí na Nollag (Lorraine McIlrath) ag taispeáint pictiúr óna laethanta saoire do leanaí ag Féile Teaghlaigh na Nollag.



Comhchathaoirleach an Líonra, an Dr Rachel Hilliard ag oscailt Shraith Léachtaí Tionscnaimh Sheehy Skeffington an Líonra.

## Líonra Foirne LGBT+

Reáchtáil Líonra Foirne LGBT+ Taispeántas Road to Equality na Cónaidhme LGBT Náisiúnta ar an gcampas i mí Lúnasa 2018, agus reáchtáladh fáiltiú le linn Bhród na Gaillimhe chun an ócáid a cheiliúradh.

Coiste stiúrtha Líonra Foirne LGBT+ le hUachtarán OÉ Gaillimh, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh.

## Líonra Ban na hOllscoile

Chlúdaigh clár imeachtaí an Líonra i rith 2018/19 raon ceisteanna a raibh spéis ag comhaltaí iontu, lena n-áirítear na hócáidí seo a leanas:

- Ócáid eolais ar an meanapás i nDeireadh Fómhair 2018, a aithnítear níos mó mar cheist san ionad oibre. Glacadh go maith leis an ócáid agus tá súil ag an Líonra ócáidí eile ar an ábhar seo a chur ar siúl.
- Lón líonraithe an 13 Samhain 2018 le comhaltaí nua na Comhairle Acadúla lena chinntiú go bhféadfadh comhaltaí na Comhairle Acadúla a bheith éifeachtach maidir le hathrú a chur i bhfeidhm.
- I mí Eanáir 2019, reáchtáladh ócáid ag am lóin dar teideal "What is RIGRAM and how does it impact budget allocations" chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail nua buiséid agus d'fhreastail go leor comhghleacaithe ar fud na hOllscoile uirthi.



## Rannpháirtíocht Sheachtrach

Thug an tAire Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Stáit don Ard-Oideachas cuairt ar OÉ Gaillimh an 26 Deireadh Fómhair 2018 chun Tuarascáil EDI OÉ Gaillimh 2017/18 a sheoladh go foirmiúil. Ag labhairt di ag an seoladh, dúirt an tAire Mitchell O'Connor: "Tá an-áthas orm an tuarascáil seo a sheoladh a tharraingíonn le chéile go leor réimsí oibre chun a léiriú go bhfuil OÉ Gaillimh ag glacadh le héagsúlacht agus go bhfuil bonn láidir i bhfeidhm aige agus é ag iarraidh a bheith ina bhunchloch don chomhionannas agus don éagsúlacht."

C-D An tOllamh Anne Scott, an tAire Mary Mitchell O'Connor, TD, le hUachtarán OÉ Gaillimh, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh ag seoladh thuarascáil EDI 2017/18.

Foireann toilthe SMART OÉ Gaillimh; An Dr Pádraig MacNeela, an Dr Siobhán O'Higgins, agus Kate Dawson ó Scoil na Síceolaíochta, agus an Dr Charlotte McIvor ón Ionad Drámaíochta agus Amharclannaíochta a sheol clár toilthe ceithre bliana faoi Thoilíú Gníomhach, arna mhaoiniú ag Lifes2good Foundation agus i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht na hOllscoile agus OÉ Gaillimh.

C-D An Dr Charlotte McIvor, an Dr Pádraig MacNeela, an Dr Siobhán O'Higgins, an tAire Mary Mitchell O'Connor, agus Kate Dawson ag seoladh an Tionscadail maidir le Toilíú Gníomhach.



## Tionscadail EDI ar an gCampas

Chun Lá Eitneachta an Lucht Siúil ar an gcampas a chomóradh, reáchtáil Owen Ward, i gcomhar leis an Ollscoil Tearmainn agus maoinithe ag Ciste Tionscadail EDI, lá ceardlainne maidir le Rochtain ar Altranais le go bhféadfadh baill den Lucht Siúil teacht chuig an gcampas agus níos mó a fhoghlaim faoi na cosáin go gairmeacha altranais nó cnáimhseachais.

Dream ón Oifig Rochtana, coiste na hOllscoile Tearmainn, agus Oifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas agus Éagsúlacht ag comóradh Lá Eitneachta an Lucht Siúil.


Rinneadh ceiliúradh ar Nollaig na mBan ar an gcampas i mbliana le tacaíocht ón gCiste Tionscadail EDI. Reáchtáil Lónra na mBan an tionscadal a d'eagraigh Mary McGill, agus mar chuid de tugadh ceiliúradh bliantúil Herstory chuig an gcampas.



## Seimineáir

Reáchtáladh an dara Seimineár bliantúil Athena SWAN faoi Mhná i gCeannas an 12 Samhain 2018 san Aula Maxima. Labhair an tOllamh Anne De Paepe, Leas-Seansailéir Ionaid Ollscoil Ghent, faoina taithí, "From Making Decisions to Decision-Making".

C-D Chuir Uachtarán OÉ Gaillimh, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, agus an tOllamh Anne Scott fáilte roimh an Ollamh Anne De Paepe ar an gcampas.





# International Women's Week

## Seachtain Idirnáisiúnta na mBan



### Spotsolas: Seachtain Idirnáisiúnta na mBan

Bhí Lá Idirnáisiúnta na mBan ar siúl an 8 Márta 2019. D'fhorbair an OVPED, i gcomhar le comhghleacaithe ar fud an champais, sceideal imeachtaí a bhí mealltach agus éagsúil don cheiliúradh seachtaine. Clár na nImeachtaí:

- Fóram Oscailte na mBan Aiteach san Ardoideachas” Bhí fóram oscailte plé agus lón ag Líonra Foirne LGBT+ maidir le mná aiteacha a chuimsiú i dtimpeallachtaí ardoideachais.
- “Mná ar na Cúirteanna Uachtaracha” Chuir Scoil an Dlí painéal suimiúil Breithiúna i láthair ag an am céanna le suí na Cúirte Uachtaraí in OÉ Gaillimh.
- “First Steps to Success – Owing your worth and planning the game strategy” Labhair Sonya Lennon ansin leis an Ionad Forbartha Gairme chun seisiún bríomhar a chur i láthair do mhic léinn OÉ Gaillimh ar dhul i mbun a ngairmeacha beatha.



“Pat’s Portrait: In conversation with artist and subject”  
Reáchtáil an OVPED ócáid in onóir don Dr Pat Morgan nuair a nocht Una Sealy portráid a coimisiúnaíodh le déanaí, agus cuirfear é seo le baillúchán ealaíne na hOllscoile.



“Standing up to injustice: my Sheehy Skeffington legacy”  
Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, sheol Líonra na mBan Sraith Léachtaí Tionscnaimh Sheehy Skeffington agus thug an Dr Micheline Sheehy Skeffington an léacht tionscnaimh. Déanfaidh an tsraith léachtaí ceiliúradh ar dhaoine a raibh an misneach acu éagóir a cháineadh.



Imeachtaí de chuid OÉ Gaillimh agus Dress for Success Dublin: “Comhionannas san Ionad Oibre”  
Bhí plé painéil tarraingteach ar chomhionannas san ionad oibre ag bunaitheoir Dress for Success Dublin, Sonya Lennon, an Dr Michelle Millar agus Gráinne O’Meara (Merit Medical) agus Dave O’Connell (Connacht Tribune) mar áisitheoir.



“InnovateHER - NUI Galway Women in Innovation: Changing Perceptions and Inspiring Growth in Medtech”  
D’eagraigh grúpa Medtech InnovateHER plé painéil spreagúil le Nuálaithe Nuálaíochta nó InnovateHers in OÉ Gaillimh.

# 11. CISTE TIONSCADAIL EDI 2018/19

Bhunaigh Coiste Campais EDI, i gcomhar leis an OVPEd, Ciste Bliantúil (€10,000) do thionscadail Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe a bheidh le bronnadh i bhfoirm cistí beaga idir €300 - €1000 de ghnáth. Is féidir le comhaltaí foirne agus mic léinn cur isteach ar an gciste gach bliain ar bhonn iomaíoch do thionscadail éagsúla chomhionannais laistigh den Ollscoil. Dírionn an ciste tionscadail EDI ar thionscnaimh chomhionannais/chuimsithe nuálacha a éascú agus éagsúlacht i ngach réimse de shaol na hOllscoile a chur chun cinn agus a cheiliúradh.

Tháinig deireadh leis an dara glao bliantúil ar iarratais an Chiste Tionscadail EDI an 22 Deireadh Fómhair 2018. As na 23 iarratas a fuarthas, bhí an-áthas ar Fhochoiste Chiste Tionscadail EDI 13 dheontas a bhronnadh do 2018/19, ar mheascán de thionscadail foirne agus mac léinn ar fud an champais agus le téamaí tosaíochta éagsúla.

- Gradam an Ollaimh Elizabeth “Nellie” Lee as Rannpháirtíocht For-Rochtana**  
Déanfaidh Scoil na Ceimice comóradh ar bhás agus ar obair an Ollaimh Lee trí ghradam a thionscnamh ina hainm do mhac léinn iarchéime a thaispeánann tiomantas eisceachtúil do chlár for-rochtana na Scoile.  
**Maoinithe:** €400  
**Eagraithe ag:** Patrick O’Leary thar ceann Scoil na Ceimice
- LGBTI sa Churaclam Leighis Fochéime**  
Forbróidh an tionscadal modúl staidéir speisialta 12 sheachtain ar shláinte LGBTI. Beifear in ann an modúl a chur ar fáil sa churaclam leighis fochéime chun ligean do mhic léinn leighis sa timthriall deiridh na hinniúlachtaí atá riachtanach chun déileáil le grúpaí mionlaigh a bhaint amach.  
**Maoinithe:** €625  
**Eagraithe ag:** Sinead Lydon, Chris Noone, Dara Byrne, Scoil an Leighis & Scoil na Síceolaíochta
- An Ciste “T”**  
Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo cur leis an obair chun cearta agus folláine na mac léinn trasinsneach a chur chun cinn trí chiste a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar an ualach airgeadais breise a d’fhéadfadh a bheith ar mhic léinn trasinsneacha agus neamhdhénártha trí ábhar riachtanach ar nós éadaí agus ceanglóirí a sholáthar.  
**Maoinithe:** €600  
**Eagraithe ag:** GiGSoc
- Ag Tacú leis an Éagsúlacht i Scríbhneoireacht Acadúil**  
Tabharfaidh teagascóirí ó Ollscoil Haváí sraith láithreoireachtaí idirghníomhacha do rannpháirtithe trí nasc físe chun aird a tharraingt ar dhúshlán reatha maidir le cuimsitheacht i gcur chuige agus cleachtais i dteagasc agus i dtáirgeadh scríbhneoireachta a chur in iúl.  
**Maoinithe:** €350  
**Eagraithe ag:** Irina Ruppó, an tIonad Scríbhneoireachta Acadúla
- Ceardlann Rochtana ar Altranais**  
Chun Lá Eitneachta an Lucht Siúil a cheiliúradh an 1 Márta 2019, reáchtáladh ceardlann chun príomhchoincheapa an altranais a chur i láthair i gcomhthéacs na hÉireann, an gá atá le héagsúlacht sa ghairm altranais a léiriú, cur síos a dhéanamh ar na bealaí isteach san altranais atá ar fáil do mhic léinn ionchasacha, agus na tacaíochtaí atá ar fáil a leagan amach.  
**Maoinithe:** €700  
**Eagraithe ag:** Owen Ward, i gcomhar leis an Oifig Rochtana
- Lá Feasachta Míchumais**  
Cuideoidh an ócáid don lá feasachta Míchumais le héascú a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht shóisialta idir mic léinn, an fhoireann agus an pobal chun béim a chur ar an éagsúlacht agus an gá atá le cuimsiú cuí daoine a bhfuil cumais agus riochtaí leighis éagsúla acu a chuimsiú.  
**Maoinithe:** €1,000  
**Eagraithe ag:** Eliona Gjeczaj, Cumann IMPACTE
- OÉ Gaillimh mar Champas a Oireann don Chumarsáid: Hear Me!**  
Féachann an tionscadal seo le modúl Oiliúna Feasachta Cumarsáide - Hear Me! - a chur ar fáil don fhoireann sna bialanna agus sna caiféanna ar an gcampas chun líon na gcomhaltaí foirne oilte a mhéadú. Trí líon na gcomhaltaí foirne oilte a mhéadú is féidir leis an mbialann/caifé páirt a ghlacadh ansin i bpróiseas deimhniúcháin Hear Me!.  
**Maoinithe:** €990  
**Eagraithe ag:** Clare Carroll, Libby Kinneen, Ita Cunningham, Kate Healy, Eadaoin Dolan, Teiripe Urlabhra agus Theanga
- Ag ceiliúradh Herstory in OÉ Gaillimh**  
Tabharfaidh an tionscadal seo Herstory go OÉ Gaillimh, thart ar Nollaig na mBan go luath i mí Eanáir 2020. Is é príomhaidhm an tionscadail seo feasacht a mhéadú agus ceiliúradh a dhéanamh ar na mná iontacha a bhain céim amach in OÉ Gaillimh ó bunaíodh é.  
**Maoinithe:** €950  
**Eagraithe ag:** Mary McGill, i gcomhar le Líonra na mBan agus FemSoc
- Cuimsiú Sóisialta agus Rannpháirtíocht Phoiblí san Eolaíocht**  
Cuirfidh saineolaí cumarsáide eolaíoch oiliúint ar conas gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí san eolaíocht a phleanáil, a reáchtáil agus a sheachadadh atá dírithe ar leanaí ó chúlfraí faoi mhíbhuntáiste socheachnamaíoch (lena n-áirítear leanaí ó chúlfraí imirceacha/dídeanaithe nó ó phobal an lucht siúil).  
**Maoinithe:** €990  
**Eagraithe ag:** Muriel Grenon, Taiscéalaithe na gCeall, i gcomhar leis an Ollscoil Tearmainn agus Cúram
- Cuairt ar an gcampas do mhic léinn ionchasacha ón Lucht Siúil**  
Tabharfar cuireadh do bhaill den Lucht Siúil chun dul isteach i Scoil an Ghnó &



na hEacnamaíochta le cloisteáil faoi na bealaí iontrála éagsúla chuig OÉ Gaillimh, na tacaíochtaí atá ar fáil do mhic léinn neamhthraidisiúnta agus blaiseadh a fháil den saol ar an gcampus.

**Maoinithe:** €600

**Eagraithe ag:** Mary Cosgrove thar ceann Choiste Comhionannais agus Éagsúlachta Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta Cairnes

- **Tionscadal Píolótach i nDearadh Uilíoch sa Teagasc & Foghlaim**

Beidh duine as CELT rannpháirteach sa tionscadal chun creidiúnú a thabhairt don fhoireann tríd an suaitheantas digiteach ar líne i nDearadh Uilíoch sa Teagasc & Foghlaim chun cur le cumas na foirne timpeallacht foghlama chuimsitheach a sholáthar.

**Maoinithe:** €1,000

**Eagraithe ag:** Shivaun Quinlivan, Lucy-Ann Buckley, Sharon Flynn

- **InnovateHER - Medtech**

Is tionscnamh LaunchPad é an clár InnovateHER a thosaigh in 2017. Leathnóidh an togra seo an clár le sraith amháin ag díriú ar mhná sa Teicneolaíocht Leighis - ag cuimsiú ceithre ócáid a léiríonn fiontrairthe ban agus a chruthaíonn líonra nua nuálaithe ban i nGaillimh.

**Maoinithe:** €750

**Eagraithe ag:** Ena Brophy thar ceann an chlár InnovateHER 2018/19

- **Déanaimis Ceiliúradh ar an Ilchultúrachas!**

Cuirfidh an DSI clár imeachtaí míosa ar síúl ar an téama 'Déanaimis Ceiliúradh ar an Ilchultúrachas!' i mí an Mhárta ina mbeidh: Cainteanna seachtainiúla ag am lóin, oícheanta cluichí boird seachtainiúla, lá taighde oscailte, ceardlann códaithe in-tí, turas sóisialta do chomhaltaí DSI, léarscáil bhalla den domhan do DSI, craobhchomórtas ilchultúrachais, agus físeáin léirithe a chuireann éagsúlacht chultúrtha chun cinn.

**Maoinithe:** €990

**Eagraithe ag:** Brendan Smith thar ceann an choiste stiúrtha Ilchultúrtha, DSI



# 12. DUL CHUN CINN MAIDIR LEIS AN OLLSCOIL TEARMAINN

Le tacaíocht ón Tionscnamh Eolais Pobail, an Oifig Rochtana, agus Oifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas agus Éagsúlacht, tá an dara bliain ghníomhach agus rathúil curtha isteach ag coiste stiúrtha na hOllscoile Tearmainn. Tá obair ar siúl chun cláir agus tionscnaimh a fhorbairt a thacóidh le OÉ Gaillimh a ainmniú mar Ollscoil Tearmainn.

Reáchtáladh roinnt tionscnamh i rith 2018/19, lena n-áirítear; uaireanta teagaisc maoinithe d'Iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta i mbun na Bitheolaíochta san Ardeistiméireacht; imeacht Phróiseas na hImlirce agus an Tearmainn an 13 Meitheamh 2018 ag a raibh na haoichainteoirí an Dr Kathy Reilly (OÉ Gaillimh), Suzanne McKane (Tionscadal Droichid GCP), agus Jacqueline Phiri (mac léinn OÉ Gaillimh); cúrsa coicise Béarla a reáchtáil d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta a bhfuil cónaí orthu in Ionaid Soláthair Dhírigh áitiúla; agus imeacht ar Bhacainní Éagsúlachta i gCóras Oideachais na hÉireann an 30 Samhain 2018 ag a raibh na cainteoirí an Dr Elaine Keane (OÉ Gaillimh), Catherine Cooney (GRET), agus Owen Ward (mac léinn OÉ Gaillimh).

Trí chomhoibriú leis an Leas-Uachtarán d'Eispéireas na Mac Léinn agus leis an Leas-Uachtarán do Chomhionannas agus Éagsúlacht, leathnaíodh critéir na Scoláireachtaí Céad Bliain Cuimsitheachta freisin, agus dá bharr sin bronnadh trí scoláireacht fochéime don bhliain acadúil 2018/19. Trí chlár Stipinní 1916, fuair iarratasóirí rathúla liúntais d'ábhair oideachais chomh maith. Chomhoibrigh an Ollscoil Tearmainn freisin le hAcadamh na hÓige agus le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe (GTM) chun cúig áit in áisce ar Acadamh na hÓige a chur ar fáil do pháistí den Lucht Siúil idir 8-11 bhliain d'aois i Meán Fómhair 2018.

De réir mar a leanann an turas agus an obair ar aghaidh, tá sé beartaithe ag an gcoiste iarratas a dhéanamh ar stádas Ollscoile Tearmainn OÉ Gaillimh faoi dheireadh na bliana acadúla 2018/19.



C-D Jackie Phiri, Suzanne McKane, agus an Dr Kathy Reilly ag an ócáid Phróiseas na hImlirce agus an Tearmainn.





# 13. AN TEOLAS IS DEIREANAÍ MAIDIR LE HOILIÚINT & POLASAÍ EDI

## Clár Oiliúna

Tacaíonn an OVPED le tionscnaimh oiliúna agus forbartha éagsúla a chabhraíonn le feasacht a mhéadú agus le tacaíochtaí a sholáthar thar raon ceisteanna comhionannais agus éagsúlachta.

1. Tá Oiliúint Bhliantúil ar Chlaontacht Neamh-chomhfhiosach éigeantach do gach comhalta d'fhoirne Bainistíochta Acadúla agus na hOllscoile, do Chinn Scoile, do Chathaoirligh na gcoistí, do chomhaltaí na mbord/na bpainéal agallaimh agus do chinnteoirí sinsearach eile ó 2015 i leith. Ní mór go mbeadh an chéad oiliúint a dhéanann comhalta foirne sa chlaontacht neamh-chomhfhiosach ar siúl os comhair duine eile ar feadh leathlae ar a laghad. Go dtí seo d'fhreastail 405 comhalta foirne ar na seisiúin oiliúna seo.

D'fhreastail gach comhalta den UMT ar athoiliúint sa chlaontacht neamh-chomhfhiosach leis an Dr Pete Jones, Síceolaithe Cairte Gairmiúla Shire, i mí na Samhna 2018.

Tá athoiliúint bhliantúil sa chlaontacht neamh-chomhfhiosach ar fáil trí mhodúl ar líne. Tá an modúl ar líne oiriúnach freisin do chomhghleacaithe seachtracha a d'fhéadfadh gníomhú ar phainéal agallaimh agus ardaíthe céime. Féadfaidh an fhoireann go léir oiliúint sa chlaontacht neamh-chomhfhiosach a dhéanamh ar líne.

In 2018, thug OVPED isteach Oiliúint "Lón & Foghlaim" i gClaontacht Neamh-chomhfhiosach. Tá an seisiún 45 nóiméad seo leagtha amach chun tuiscint ghinearálta a thabhairt do gach comhalta foirne ar an tábhacht go dtuigimid ár gcuid claontachtaí féin, agus go gcabhraíonn tuiscint a fháil ar thionchar na claontachta neamh-chomhfhiosaí ar idirghníomhaíochtaí agus ar chinntí laethúla. Moltar do gach comhalta foirne freastal ar sheisiún tosaigh. Déan teagmháil leis an OVPED más mian leat seisiún "Lón & Foghlaim" a réachtáil i do Scoil, Aonad, nó Ionad Taighde.

2. Tá an Clár LEAD (Comhionannas Maireachtála agus Éagsúlachta), acmhainn ríomhfhoghlama ar líne a d'fhorbair Líonra Comhionannais IUA, ar fáil in OÉ Gaillimh ó 2013 i leith ag <http://www.leadequalitynetwork.com>. Forbraíodh LEAD ar dtús le tacaíocht ón Údarás Comhionannais agus ón Aonad Príomhshruthaithe Comhionannais a bhíodh ann. Le déanaí sheol Líonra Comhionannais IUA iarratas ar thairiscintí le haghaidh athfhorbairt iomlán a dhéanamh ar an gclár LEAD atá ann cheana, mar chuid de chur chuige cumaiscthe chun rannpháirtíocht foirne príomhshrutha a ghiniúint le ceisteanna comhionannais, éagsúlachta, cuimsitheachta agus chearta an duine. Táimid ag súil go mór le clár nua in 2020!
3. Cuireadh tús le Ceardlanna Ramp-up (i ndiaidh saoire mháithreachais) i mí Feabhra 2017 agus go dtí seo tá an clár déanta ag 25 comhalta

foirne. Is é aidhm na ceardlainne seo tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe nuair a fhilleann siad ó shaoire mháithreachais agus traenáil a thabhairt ar an mbealach is fearr chun an chothromaíocht oibre/saoil a bhaint amach. Tá an t-aiseolas an-dearfach i gcónaí.

4. Tá Oiliúint Breithnithe Gearán Comhdheiseanna ar fáil do gach Ceann Scoile, Disciplín agus Aonaid a bhfuil freagracht ar leith orthu as an bPolasaí Comhdheiseanna a chur i bhfeidhm agus d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu gearán faoi idirdhealú a fhiosrú agus/nó féadfar é/í a cheapadh ar Phainéal Gearán chun gearán faoi idirdhealú a éisteacht agus cinneadh a dhéanamh air. Ní mór do gach comhalta foirne atá freagrach as gearán idirdhealaithe a éisteacht oiliúint chuí chomhionannais a dhéanamh. Rinne scór comhalta foirne an oiliúint seo sa bhliain acadúil 2018/19.
5. Cuireadh tús le seisiúin eolais A Bheith i do Chara LGBT+ i gcomhar le Clár Chara LGBT+ OÉ Gaillimh. Réachtáiltear an seisiún seo i gcomhar leis an Líonra Foirne LGBT+, le Comhaltas na Mac Léinn, agus le GiGSoc chun deis a thabhairt do chomhaltaí foirne níos mó a fhoghlaim, eolas a chur ar théarmaíocht agus ar pholasaí, nasc a sholáthar leis na hacmhainní cearta ar an gcampas, agus a bheith muiníneach as tacú lena gcomhghleacaithe agus le mic léinn LGBT+. Tá 54 comhalta foirne cláraithe faoi láthair mar Chairde LGBT+ ar an gcampas.
6. Cuireadh tús le scéim phiólótach Understand le Chéile - Oiliúint Feasachta Uathachais in 2018/19. Chuir Cumann na Mac Léinn Enactus seisiún oiliúna ar fáil do 14 comhalta foirne ar Lá Feasachta Uathachais 2019.
7. Is clár forbartha do mhná amháin é an Clár Forbartha Ceannaireachta Aurora a réachtáilann Advance HE chun tacú le ceannairí ban ionchasacha. Feidhmíonn Aurora i gcomhpháirtíocht le hollscoileanna agus le hInstitiúidí Ardoideachais. Tá OÉ Gaillimh tiomanta do mheantóirí agus eiseamláirí a sholáthar chomh maith le rannpháirtithe ionas go n-aithneofar saincheisteanna agus dúshláin maidir le dul chun cinn ceannaireachta na mban níos forleithne ar fud na hOllscoile. Ó 2015, thacaigh an Ollscoil le 76 bean páirt a ghlacadh sa chlár Aurora.

## Forbairt Polasaithe

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag OVPED, i gcomhar le hAcmhainní Daonna, Seirbhísí do Mhic Léinn, Comhaltas na Mac Léinn agus comhghleacaithe eile, maidir le polasaithe nua a fhorbairt agus polasaithe atá ann cheana a nuashonrú le linn na bliana acadúla 2018/19. Tá na polasaithe nua seo a leanas go háirithe tugtha chun críche;

Tugadh **Polasaí Féiniúlachta Inscne & Léirithe Inscne** chun críche agus tá sé i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2018. Leagtar amach sa pholasaí seo

tiomantas OÉ Gaillimh féiniúlacht inscne agus léiriú inscne a aithint agus a thacú ionas go mbeidh timpeallacht dhearfach agus ghlacthach ag gach ball de phobal na hollscoile ina gcaitear le gach ball le dínit agus le meas. Míníonn an polasaí seo an tacaíocht a thabharfar do dhaoine trasinscneacha, idirghnéasacha, agus dóibh siúd nach n-aithníonn catagóirí inscne dénártha.

Féachann an **Polasaí ar Thacaíochtaí do Mhic Léinn le Toircheas, Máithreachas agus Atharthacht** le gach mac léinn tacaíocht agus iarchéime a chur ar an eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh le linn toirchis, máithreachais agus atharthachta, chun a chinntiú nach mbíonn tionchar diúltach ag toircheas ar a dtaithe acadúil agus chun cur ar chumas na mac léinn roghanna eolasacha a dhéanamh. Tugann sé mionsonraí ar ról agus ar fhreagrachtaí na foirne acadúla agus tacaíochta maidir le comhairle a thabhairt agus freagairt do riachtanais na mac léinn atá torrach agus na mac léinn atá ina dtuismitheoirí.

Tá **Treoir Foirne ar Mhíchumas san Ionad Oibre** curtha ar fáil le tacú le comhaltaí foirne atá faoi mhíchumas ionas gur féidir leo fanacht san ionad oibre agus rochtain a fháil ar aon choigeartuithe nó socrúithe a d'fhéadfadh a bheith de dhíth orthu. Cuidíonn an treoir go háirithe le próiseas a sholáthar chun socrúithe réasúnta a éileamh agus eolas a bhaineann le nochtadh míchumais a sholáthar.

Chuir coiste, ar a raibh an Rúnaí Acadúil, na Leas-Déin Teagaisc agus Foghlama, ionadaithe ó Oifig na Scrúduithe, agus ionadaithe ó Sheirbhísí Tacaíochta Míchumais, **Polasaí Measúnaithe Malartaí** le chéile chun treoir a chur ar fáil do gach aonad cuí in OÉ Gaillimh maidir le cineálacha measúnaithe malartacha mar fhreastal réasúnach do roinnt mac léinn faoi mhíchumas. Cuirfear an dréacht deiridh den Pholasaí Measúnaithe Malartaí faoi bhráid chruinniú na Comhairle Acadúla i mí an Mheithimh agus beidh sé i bhfeidhm don bhliain acadúil 2019/20. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an **Polasaí Comhdheiseanna** agus ar nós imeachta i gcás gearáin de réir dea-chleachtais agus reachtaíochta chomhionannais in 2018. Léiríonn an polasaí an rún daingean atá ag OÉ Gaillimh deireadh a chur le cleachtais mhíchóra agus leatromacha, idir dhíreach agus indíreach, agus é mar aidhm aici a chinntiú go bhfuil coincheapa na héagsúlachta agus an chomhionannais deiseanna ina ndlúthchuid dá cuid luachanna agus dá cuspóirí. Leathnaíodh an nós imeachta maidir le gearáin chun mic léinn a chur san áireamh.

## Spotsolas: Tionscadal Monatóireachta agus Meastóireachta Deontais

### Deontas Taighde do Chúramóirí Acadúla atá ag Filleadh (RAC) agus Deontas Taighde Athena SWAN chun Acmhainn a Fhorbairt do Léachtóirí Lár-Ghairme (ASCB)

(Bunaithe ar 21 agallamh duine le duine a rinneadh idir Lúnasa agus Deireadh Fómhair 2018. Is ionann an sampla agus 84% de dhaoine iomlán na ndámhachtaithe deontais in 2017 agus 2018. Tá tuairisc iomlán le fáil ar láithreán gréasáin an OVPED)

Tá an dream a fuair deontas ó cuireadh tús leis i Meán Fómhair 2016 sásta leis an Deontas Taighde do Chúramóirí Acadúla atá ag Filleadh (RAC).

Feictear é mar chéim thábhachtach i dtreo an chomhionannais, agus mar aitheantas ar na míbhuntáistí a bhíonn ag léachtóirí a fhilleann ó shaoire fhada cúramóra. Tuairiscíonn go leor daoine go bhfuil méadú tagtha ar a dtáirgiúlacht chomh maith le laghdú tagtha ar a leibhéil struis mar go mbraitheann siad go bhfuil tacaíocht á tabhairt dóibh. Moltar go háirithe solúbthacht agus pras na scéime deontais.

Measann dámhachtaithe an Deontais Acmhainne Athena Swan (ASCB), a tugadh isteach i mí an Mheithimh 2017, go bhfuil sé úsáideach agus is mór acu an deis a ngairmeacha a phleanáil agus breisoiliúint a chur orthu féin. Deir a bhformhór go bhfuil níos mó muiníne acu de bharr an deontais agus go bhfuil éifeacht iolraitheora aige. Meastar go bhfuil an deontas ASCB ábhartha chun an leatrom roimhe seo a mhaolú agus muinín sa chóras a fhorbairt. Ach tá mothú láidir ann nach bhfuil ann ach céim bheag agus go bhfuil gá le go leor eile a dhéanamh. Mheas 74% de na dámhachtaithe go raibh na deontais tábhachtach nó an-tábhachtach dá spriocanna gairme. Thug 100% le fios go molfaidís na deontais do chomhghleacaithe eile.

Thug 81% rátáil ard (idir 8 agus 10 ar scála forásach 0 go 10) do thábhacht na scéimeanna deontais do OÉ Gaillimh. Roghnaigh go leor dámhachtaithe a n-ualach teagaisc a cheannach amach chun am a chaitheamh ar thaighde. Ní raibh an rogha seo indéanta ná inmhiannaithe i gcónaí, áfach. Luaigh na dámhachtaithe go raibh sé an-deacair a bheith ag brath ar obair neamhbhuan. Tagann fadhbanna chun cinn maidir le hiarrthóirí oiriúnacha a earcú, ag cinntiú go gcomhlíontar na tascanna acadúla i gceart, nó ag aontú fiú amháin ar luach saothair cothrom ó tharla nach bhfuil riachtanais thréadacha agus chúraim caighdeánaithe. Tuairiscíodh úsáidí eile do na deontais, mar shampla cúntóirí taighde a fhostú, breisoiliúint, réamh-shonraí a tháirgeadh, earraí rochtana oscailte a mhaoiniú, imeachtaí a eagrú, freastal ar chomhdhála, agus urraíocht a dhéanamh ar thurais taighde.

### Aschuir acadúla a bhaineann leis na scéimeanna deontais:

	ASCHUIR	RAC	ASCB	IOMLÁN
<b>IMEACHTAÍ</b>	EAGRAÍOCHT	6	0	6
	RANNPHÁIRTÍOCHT	2	3	5
	LÁITHREOIREACHT	6	7	13
	AOICHAINTEANNA NÓ CAINTEOIRÍ A DTUGTAR CUIREADH DÓIBH	6	0	6
	<b>IOMLÁN: IMEACHTAÍ</b>	<b>20</b>	<b>10</b>	<b>30</b>
<b>FOILSEACHÁIN</b>	CAIBIDIL LEABHAIR PLEANÁILTE	1	0	1
	LEABHAR PLEANÁILTE	0	3	3
	ALT PLEANÁILTE	17	8	25
	ALT FOILSITHE	18	2	20
	<b>IOMLÁN: FOILSEACHÁIN</b>	<b>36</b>	<b>13</b>	<b>49</b>
IARRATAIS NUA AR DHEONTAIS	17	10	27	





# 14. SPRIOCANNA EDI DO 2019/20


Cuireadh treoircháipéis agus foirm maidir le Measúnacht Tionchair Comhionannais (EIA) le chéile le linn na bliana acadúla 2018/19. Tá sé i gceist EIA a thriail mar chuid lárnach de pholasaithe nua a fhorbairt, agus polasaithe a athbhreithniú mar chuid den ghnáth-thimthriall athbhreithnithe le linn na bliana acadúla 2019/20.

Tosóidh an obair i samhradh 2019 ar Straitéis EDI a fhorbairt mar chuid de Phlean Straitéiseach nua OÉ Gaillimh. Rachaidh sé seo i gcomhair comhairliúcháin agus ionchuir i rith Sheimeastar 1 2019/20, ag brath ar an bplean straitéiseach institiúideach a bheith forbartha. Táthar ag súil go mbeidh an straitéis EDI réidh le faomhadh i dtreo dheireadh na bliana acadúla 2019/20.


Scrúdaigh an OVPED tionscadal chun go mbeidh an Ollscoil in ann sonraí a bhailiú ar na naoi saintréith chomhionannais faoi chosaint chun bonn fianaise a chur faoi ghníomhaíochtaí, polasaithe agus cleachtas agus chun tagarmharcáil a úsáid chun bearnaí i bhfeidhmíocht a shainaithint, chun cur chuige nua feabhsúcháin a lorg, agus chun dea-chleachtas a ghlacadh. Beidh an tionscadal chun sonraí a bhailiú faoi thréithe éagsúlachta réidh i Seimeastar 2 den bhliain acadúil 2019/20 agus cuideoidh sé linn tuiscint níos fearr a fhorbairt ar ár bhfoireann agus ár mic léinn agus ar na constaicí a d'fhéadfadh a bheith rompu.

Aidhmeanna agus Spriocanna na gClár Oibre:

- Comhionannas Inscne:**  
Cur i bhfeidhm GEAP (2) 2019-2020.  
Ag freagairt do dheiseanna seachtracha (SALI, Toiliú).  
Ceithre iarratas scoile Athena SWAN le haghaidh 2019/20.  
Tús a chur le cur i bhfeidhm mholtaí an Chreata náisiúnta maidir le Toiliú san Ardoideachas, Slán, Measúil, Tacúil agus Dearfach: Ag cur Deireadh le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann.
- Míchumas:**  
Polasaí Uileghabhálach do Fhreastal Réasúnta a thabhairt chun críche do mhic léinn lena n-áirítear Polasaí Measúnaithe Malartach.  
Foilsíú Treoir Foirne ar Míchumas san Ionad Oibre.
- Éagsúlacht Chultúrtha:**  
Tacú le Lónra Foirne Idirnáisiúnta a bhunú.  
Próifíl chultúrtha/eitneach na foirne agus na mac léinn a fhorbairt.  
Tacaíochtaí úsáideacha atá ar fáil/a theastaíonn a aithint chun cabhrú le cuimsiú.  
Nasc le forbairtí nua san Oifig Idirnáisiúnta.
- Rochtain ar an Ardoideachas:**  
An sruth oibre maidir le Rochtain ar Ardoideachas a fhorbairt agus a scrúdú.  
Smaoinigh ar chur chuige uile-institiúide chun rannpháirtíocht a leabú agus a phríomhshruthú.







## 15. ACHOIMRE

Ba mhaith le baill de Choiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe Champas OÉ Gaillimh an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach comhghleacaí, comhalta foirne agus mac léinn san Ollscoil atá páirteach i dtionscnaimh agus i ngníomhaíochtaí chun an clár oibre tábhachtach seo a chur chun cinn. Táimid ag súil go mór le bliain mhór mhaith eile in 2019/20!





NUI Galway  
OÉ Gaillimh

# COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT & CUIMSIÚ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL  
2018/19